# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2018

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Gnó

# Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2018

# SCÉIM MHARCÁLA

# GNÓ

# ARDLEIBHÉAL

Scéim Mharcála agus Nótaí Tacaíochta le húsáid leis an Scéim Mharcála

Agus an scéim mharcála agus na nótaí tacaíochta á mbreithniú is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach ná críochnúil.
- **Ní** freagraí eiseamláireacha iad ach, ina ionad sin, sampla de fhreagraí féideartha atá iontu.
- I gcuid mhaith cásanna sna nótaí tacaíochta, d'fhéadfadh sé go mbeadh eochairfhrásaí a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé nó sí na marcanna sannta.
- **Déantar pointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair a mharcáil agus a chúiteamh de réir fiúntais.**
- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Ar an ábhar sin, d'fhéadfadh riachtanais athrú ó bhliain go bliain.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.

**AN ARDTEISTIMÉIREACHT: GNÓ – ARDLEIBHÉAL 2018**
**SCÉIM MHARCÁLA**

**ROINN 1**
**(80 marc)**

**Ní mór an roinn seo a fhreagairt.**
**Freagair 8 gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist.**

| Ceist | Scéim | Marcanna |
|---|---|---|
| **1.** | 3+2+2+2+1 | 10 |
| **2.** | (3+3) + (2+2) | 10 |
| **3.** | 3+2+2+2+1 | 10 |
| **4.** | 3+2+2+2+1 | 10 |
| **5.** | 2+2+(3+3) | 10 |
| **6.** | 2+2+2+2+2 | 10 |
| **7.** | (a) (2+2) (b) 3+3 | 10 |
| **8.** | (3+3) + (2+2) | 10 |
| **9.** | 3+2+2+2+1 | 10 |
| **10.** | (3+3) + (2+2) | 10 |
| **Roinn 1** | **Marcanna atá ar fáil** | **80** |

**ROINN 2**
**(80 marc)**
**An Glasbhealach Ceilteach**

| **Ceist ar an nGnó Feidhmeach (Aonaid 5,6,7)**<br>**Ní mór an cheist seo a fhreagairt.** | | | **Uasmharc** |
|---|---|---|---|
| **(A)** | (i) Léirigh na buntáistí eacnamaíocha a bhaineann leis an **nGlasbhealach Ceilteach** don **earnáil thánaisteach** agus don **earnáil threasach (seirbhísí)**.<br><br>(ii) Déan cur síos ar **dhá** bhuntáiste shóisialta a bhaineann le tionscadal an **Ghlasbhealaigh Cheiltigh**.<br><br>Gníomh, míniú agus nasc ábhartha | 2@5 (3+2)<br><br>2@(1+2+2) | 20 |
| **(B)** | (i) Mínigh an téarma **taighde margaidh**.<br><br>(ii) Déan measúnú ar na cineálacha éagsúla taighde deisce **agus** taighde allamuigh a rinne Luke Breen, agus samplaí cuí ón téacs á n-úsáid agat.<br><br>(Tá ceann **amháin** ar a laghad de gach cineál ag teastáil.)<br><br>Measúnú | 6 (3+3)<br><br>4@5(2+3)<br><br>(2+2) | 30 |
| **(C)** | Déan plé ar an mbealach ar chuir Luke na gnéithe den chumasc margaíochta in oiriúint don **mhargadh domhanda.** | 2@8(3+2+3)<br>2@7(2+2+3) | 30 |
| **Roinn 2** | **Marcanna atá ar fáil** | | **80 marc** |

Agus freagraí á dtabhairt acu ar cheisteanna ar an CGF, ní mór d'iarrthóirí úsáid a bhaint as an eolas ábhartha agus as an tuiscint ábhartha a ghnóthaigh siad san ábhar agus staidéar á dhéanamh acu ar an gcúrsa, chomh maith leis na naisc ábhartha ón CGF.

I ndáil leis na naisc atá tugtha, **ní mór** dóibh a bheith ina n-athfhriotal / ina bhfrása / ina ráiteas díreach ábhartha ón CGF, a léiríonn go bhfuil tuiscint shoiléir ag na hiarrthóirí ar an bpointe (ar na pointí) teoirice a chuirtear i láthair. Tá naisc leithleacha riachtanach i ngach roinn. Ní bhronntar marc as aon nasc gan teoiric ábhartha.

**Roinn 3**
**(240 marc)**

Freagair **Ceithre** cheist as **Roinn 3** mar a leanas:
Ceist **amháin** as **Cuid 1**, **Dhá** cheist as **Cuid 2** agus ceist **Amháin** eile as **Cuid 1** nó as **Cuid 2**.
Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

**Cuid 1**

**Daoine sa Ghnó / Timpeallacht Ghnó**

| **Ceist 1**<br>**Daoine sa Ghnó** | | | **Uasmharc** |
|---|---|---|---|
| **(A)** | (i) Mínigh an modh chun an conradh dleathach dá dtagraítear sa téacs thuas a fhoirceannadh.<br><br>(ii) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** mhodh eile chun conradh dleathach a fhoirceannadh, agus tabhair sampla i n**gach** cás. | (2+2)<br><br><br>3@7(2+3+2) | 25 |
| **(B)** | Léirigh an tionchar a bhíonn ag díospóidí trádála ar aon **trí** cinn de na páirtithe leasmhara i ngnólacht. | 3@5(2+3) | 15 |
| **(C)** | Faoi théarmaí na nAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2007,mínigh na forais i gcomhair dífhostú a mheastar a bheith **cóir.** | 2@7(4+3)<br>1@6(3+3) | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

| Ceist 2<br>Timpeallacht Intíre | | | Uasmharc |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Pléigh na buntáistí atá ann do chomhar creidmheasa feidhmiú mar chomharchumann. | 2@7(4+3)<br>1@6(3+3) | 20 |
| **(B)** | Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí **agus** ar na dúshláin do gheilleagar na hÉireann a bhaineann le méadú ar an bhfostaíocht**.**<br>(Tá buntáiste amháin agus dúshlán amháin ar a laghad ag teastáil) | 1@7(4+3)<br>3@6(3+3) | 25 |
| **(C)** | Déan measúnú ar éifeachtacht Fhiontraíocht Éireann maidir le cabhair a thabhairt do ghnólachtaí Éireannacha dúchasacha.<br><br>Measúnú | 2@6(3+3)<br><br>(0,3) | 15 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

| Ceist 3<br>Timpeallacht Idirnáisiúnta | | | Uasmharc |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Déan measúnú ar na deiseanna **agus** ar na dúshláin do gheilleagar an hÉireann atá ann mar thoradh ar chuideachtaí ilnáisiúnta eachtracha (CIN-anna) a bheith ag lonnú in Éirinn. Tabhair samplaí chun tacú le do fhreagra.<br><br>(Tá deis amháin agus dúshlán amháin ar a laghad ag teastáil)<br><br>Measúnú | 3@6(3+3)<br><br><br><br><br><br><br><br><br>(0,2) | 20 |
| **(B)** | *Rinne ballraíocht san **Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta** (AEA) maitheas don ghnó in Éirinn*.<br>An aontaíonn tú leis an ráiteas sin?<br><br>Tabhair breac-chuntas ar na cúiseanna le do fhreagra. | 2m<br><br>2@7(4+3)<br>1@4(2+2) | 20 |
| **(C )** | Mínigh na téarmaí seo a leanas maidir leis an trádáil idirnáisiúnta:<br>• Bloc trádála<br>• Taraifí<br>• Lánchosc<br>• Fóirdheontais. | 2 @ 6<br>2 @ 4 | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

**Roinn 3**

**Cuid 2**

**Fiontraíocht**

| **Ceist 4**<br><br>**Fiontraíocht/Bainistíocht** | | | **Uasmharc** |
|---|---|---|---|
| **(A)** | (i) Léirigh do thuiscint ar an téarma **plean teagmhais**.<br><br>(ii) Tabhair breac-chuntas ar an tábhacht a bhaineann leis an bpleanáil d'aerlíne mar Ryanair.<br><br>Bíodh tagairt agat i do fhreagra do pleanáil straitéiseach, fheidhmiúil agus daonchumhachta . | (4+1)<br><br>2@8(5+2+1)<br>1@4(2+2) (Pleanáil daonchumhachta) | 25 |
| **(B)** | (i) Mínigh 'tosaíochtaí na riachtanas' a d'fhorbair Maslow ina theoiric faoin inspreagadh.<br><br>(ii) Pléigh na teorainneacha a d'fhéadadh a bheith leis an teoiric sin faoin inspreagadh | 5@4(2+2)<br><br>1@3m<br>1@2m | 25 |
| **(C)** | Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis go m'fhéidir go rachadh duine leis an bhfiontraíocht. | 2@5(2+3) | 10 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

| Ceist 5<br>Bainistíocht /Gnó I nGníomh | | | Uasmharc |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí **agus** ar na míbhuntáistí do ghnólacht in earnáil an mhearbhia a bhaineann le saincheadú a roghnú **mar bhealach chun gnólacht a fhairsingiú**.<br><br>(Teastaíonn ceann amháin ar a laghad de gach aon cheann.) | 2@7(4+3)<br>1@6(3+3) | 20 |
| **(B)** | Dréachtaigh litir ghnó, agus dáta an lae inniu á úsáid agat, ó Bhainistíocht Riosca Phoenix Teo. chuig an miondíoltóir mearbhia Burgair Ricardo Teo.<br><br>I do litir, cuir in iúl cad iad na príomhchineálacha árachais ba chóir a bheith ag Burgair Ricardo Teo. **agus** tabhair breac-chuntas ar bhealaí ina bhféadfaidís rioscaí gnó a laghdú a oiread agus is féidir. Úsáid ainmneacha agus seoltaí bréige.<br><br>Íoslaghdú riosca | Leagan amach (9 mharc)<br>5@1 Seoladh, Seoladh, Maidir le, Dúnadh, Síniú<br>2@2 Dáta, A chara,<br><br>Ábhar: 3@4(2+2)<br><br>2@2m | 25 |
| **(C)** | Pléigh na tosca ba chóir do ghnólacht a chur san áireamh sula n-athraíonn sé ó mhodh baisctháirgthe go modh olltáirgthe (modh sreabhtháirgthe). | 3@5(2+3) | 15 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

| Ceist 6<br>Bainistíocht | | | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Pléigh an ról atá acu seo a leanas maidir le Bainisteoir Ceantair do shraith mhór ollmhargaí a earcú agus a roghnú go héifeachtach:<br><br>**Sonraíocht faoin bPearsa; Sainchuntas Poist; Agallamh Painéil**<br><br>Tagairt do "Bainisteoir Ceantair" | 2@7(5+2)<br>1@4(Agallamh Painéil)<br><br><br><br><br>+2m | 20 |
| **(B)** | Tabhair breac-chuntas ar stíl cheannaireachta chuí **amháin** a d'fhéadfadh bainisteoir in asraon miondíola a ghlacadh chuige féin, agus tabhair cúiseanna le do rogha.<br><br>Tagairt "d'asraon miondíola" | 3m (stíl ceannaireachta)<br><br>2@7(4+3)<br><br>+3m | 20 |
| **(C)** | Ríomh **gach ceann** díobh seo a leanas (**taispeáin do chuid oibre**):<br><br>(i) An ÍMAT atá le híoc ag Ben<br>(ii) Méid iomlán an MSU<br>(iii) Méid iomlán an ÁSPC<br>(iv) Glanphá **bliantúil** Ben. | **Ríomh**<br><br>Nótaí Tacaíochta | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

| Ceist 7<br>Gnó i nGníomh | | | Uasmharc |
|---|---|---|---|
| **(A)** | (i) Tarraing léaráid de shaolré táirge agus mínigh **gach** céim.<br><br>(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** mhodh a d'fhéadfadh gnólacht a chur san áireamh chun fad a chur le saolré táirge. | 9@1 (tarraing)<br>5@2 (mínigh)<br><br>2@3 | 25 |
| **(B)** | (i) Pléigh na buntáistí a bhainfeadh déantóir mór seacláide as **deighilt an mhargaidh**.<br><br>(ii) Léirigh **dhá** bhealach faoi leith ina bhféadfaí **margadh na seacláide** a dheighilt. | 2@5(2+3)<br><br>2@5(2+2+1) | 20 |
| **(C)** | Déan measúnú ar na buntáistí **agus** ar na dúshláin a bheadh ann do ghnólacht beag nuathionscanta dá roghnódh sé bealach díreach dáileacháin seachas díolacháin a dhéanamh trí mhórdhíoltóirí agus trí mhiondíoltóirí.<br><br>Measúnú | 1@7(4+3)<br>2@3(2+1)<br><br>(0,2) | 15 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

**ROINN 1**
**(80 marc)**
**CEISTEANNA GEARRFHREAGRA**
**NÓTAÍ TACAÍOCHTA**

| Ceist | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **1.** | (i) Cineálacha cúitimh is ea **AISÍOCAÍOCHTAÍ** , earraí in ionad agus deisiúchán atá ar fáil don tomhaltóir faoin **Acht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980**.<br>(ii) Soláthraíonn an **CHÚIRT MHIONÉILEAMH/NÓS IMEACHTA MIONÉILEAMH** réiteach ar aighnis tomhaltóirí agus is féidir leis cúiteamh suas le €2,000 a bhronnadh<br>(iii) Tugann an téarma **de mhianach inmhargaidh** sna dlíthe tomhaltais le tuiscint go bhfuil earraí tomhaltais ar chaighdeán réasúnta ag féachaint dá **bPRAGHAS/MARTHANACHT.**<br>(iv) Is é an **AN GHNÍOMHAIREACHT NÁISIÚNTA DO THOMHALTÓIRÍ/ an COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT TOMHALTÓIRÍ** atá freagrach as comhlíonadh an dlí tomhaltais a fhiosrú, a fhorfheidhmiú, agus a spreagadh<br>(v) Sonraítear san **Acht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980** go soláthróidh gach soláthraí seirbhíse an tseirbhís le **SCILEANNA CUÍ/AIRE CHUÍ/DÍOGRAIS CHUÍ/scileanna atá riachtanach chun an tseirbhís a chur ar fáil/sa chás go n-úsáidtear ábhair, beidh siad slán agus oiriúnach don fheidhm a bhfuil siad ag teastáil chuige/beidh na hearraí a sholáthraítear (leis an tseirbhís) i riocht díola.** | 10<br>3+2+2+2+1 |

| Ceist | | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|---|
| **2.** | | | | **Tabhair breac-chuntas ar dhá impleacht do ghnólacht a bhaineann le hathrú ó struchtúr feidhmiúil eagraíochta go dtí struchtúr maitríse.**<br><br>• **Oiliúint/Forbairt Foirne de dhíth**/Bíonn costais ag baint le hoiliúint a chur ar an mbainisteoir agus ar an bhfoireann agus tógann sé am é a dhéanamh/D'fhéadfadh sé go dtiocfadh laghdú ar an táirgiúlacht sa ghearrthéarma/D'fhéadfadh sé go mbeadh forbairt foirne mar thoradh air mar go mbíonn tuiscint níos fearr ag na fostaithe agus foghlaimíonn siad conas a fheidhmíonn an gnó iomlán/foireann iloilte.<br><br>• D'fhéadfadh sé go **ndúblálfaí dualgais** i measc na bhfoirne éagsúla. D'fhéadfadh sé go mbeadh bainisteoir margaíochta agus bainisteoir táirgthe i roinnt foirne. Tá sé riachtanach go ndéanann na bainisteoirí seo teagmháil lena chéile le nach mbeidh na cuir chuige a úsáideann siad i leith tionscadal ag teacht salach ar a chéile.<br>**NÓ**<br>• **Líne cheannais níos chasta**/beidh an fhoireann faoi cheannas **beirt bhainisteoirí** (bainisteoir roinne agus bainisteoir tionscadail go hiondúil). D'fhéadfadh sé go mbeadh sé deacair don oibrí an dá thrá a fhreastal agus go mbeadh coimhlint leasa mar thoradh air.<br><br>• **Coimhlint foirne/coimhlintí cumhachta** – d'fhéadfadh sé nach mbeadh an fhoireann ag iarraidh oibriú lasmuigh dá roinn féin./D'fhéadfadh sé nach dtaitneodh sé leis an bhfoireann tabhairt faoi obair a bheadh dúshlánach dóibh/D'fhéadfadh sé go mbreathnódh an fhoireann ar smaointe ó ranna eile mar bhagairt agus d'fhéadfadh sé go mbeadh coimhlint inmheánach ann/d'fhéadfadh sé go mbeadh sé deacair don bhainisteoir tionscadal baill foirne ó ranna éagsúla a bhainistiú. | 10<br><br><br>(3+3)<br>+<br>(2+2) |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | • **Infhiontraíocht mhéadaithe/Níos mó nuálaíochta/spreagann sé stíl cheannaireachta dhaonlathach.** Oibríonn fostaithe ó ranna éagsúla le chéile chun smaointe nua don ghnó a cheapadh./Réimsí éagsúla saineolais agus dearcaí difriúla mar chuid den tionscadal agus spreagtar fostaithe le fiontraíocht a léiriú/Spreagtar obair foirne.<br><br>• **Caidrimh níos fearr i measc na foirne.** D'fhéadfadh sé go dtaitneodh sé le baill foirne a bheith ag oibriú le daoine ó ranna éagsúla. D'fhéadfadh go bhfeabhsódh sé seo misneach sa ghnólacht agus go bhfeabhsódh sé caidrimh idir na ranna éagsúla/táirgiúlacht mhéadaithe/cinnteoireacht níos tapúla.<br><br>• **Solúbthacht níos mó san fhoireann** sa dearcadh atá acu i leith an ghnólachta agus sna cuir chuige a úsáidtear/níos oscailte d'athruithe sna cleachtais oibre. | |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **3.** | | | (i) Is cineál ***fás neamhorgánach*** é éadáil (táthcheangal)<br>(ii) I gcás cumaisc, ***cruthaítear eintiteas nua dlíthiúil.***<br>(iii) I gcás comhghuaillíocht straitéiseach, roinneann gnólachtaí saineolas, agus is comhaontú ***sealadach*** é.<br>(iv) Is féidir fairsingiú a mhaoiniú le caipiteal fiachais ***nach gcuimsíonn*** gnáth-scairchaipiteal .<br>(vi) Sainmhínítear barainneachtaí scála mar laghdú ***ar an gcostas aonaid (an meánchostas)*** de réir mar a mhéadaítear an t-aschur. | 10<br><br>3+2+2+2+1 |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **4.** | | | (see table below) | 10<br><br>3+2+2+2+1 |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|
| **E** | **D** | **A** | **B** | **F** |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **5.** | | | | 10 |

| | |
|---|---|
| **(i)** | Bealtaine |
| **(ii)** | Lúnasa |
| **(iii)** | Tagraíonn ionadú iompórtálacha do bheartas trádála **lena n-ionadaítear iompórtálacha** le hearraí/seirbhísí **a tháirgtear go hinmheánach**.<br><br>Déantúsóirí Éireannacha a tháirgeann earraí a iompórtáladh cheana. |

Uas-Mharc: 2m, 2m, (3+3)

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **6.** | | | | 10<br><br>2+2+2+2+2 |

| | |
|---|---|
| **A.** | **360,000** |
| **B.** | **400,000** |
| **C.** | **760,000** |
| **D.** | **600,000** |
| **E.** | **(360,000)** |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **7.** | (a) | | **Mínigh an téarma caipiteal oibre.**<br><br>An méid airgead tirim atá ar fáil **ó lá go lá** chun an gnóthas a rith**/**an méid airgead tirim atá ar fáil chun an gnóthas a rith sa **ghearrthéarma**/Úsáidtear an t-airgead chun **dliteanais reatha,** amhail creidiúnaithe, rótharraingt bhainc, fabhrú a íoc/Déantar caipiteal oibre **a ríomh ach dliteanais reatha a bhaint ó shócmhainní reatha.** | 10<br>(2+2) |
| | (b) | | **Tabhair breac-chuntas ar dhá fhadhb a bhíonn ann mar gheall ar gan go leor caipiteal oibre a bheith ag gnólacht nuathionscanta.**<br><br>• Téann sé **i bhfeidhm go díreach ar staid leachtachta** an ghnóthais. Beidh fadhb ann maidir le sreabhadh airgid. Mar sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé ní ba dheacra iasacht a fháil/fadhb mhaoinithe sa ghearrthéarma/laghdaítear acmhainneacht creidmheasa.<br>• **Ní féidir spriocanna an ghnóthais a bhaint amach.** Ní féidir riachtanais ghearrthéarmacha, amhail stoc a cheannach agus pá a íoc, a shásamh.<br>• **Ní féidir na dliteanais ghearrthéarmacha a íoc in am.** Fágann sin nach mbeidh dóthain airgead tirim ar fáil don ghnóthas agus cuirfear moill ar orduithe ó chustaiméirí a chomhlíonadh/d'fhéadfadh sé nach gcuirfeadh soláthraithe earraí ar fáil ar cairde a thuilleadh/d'fhéadfadh sé nach gcuirfeadh soláthróirí seirbhísí bunúsacha, amhail leictreachas, ar fáil a thuilleadh etc.<br>• Uaireanta, ní féidir leis an ngnóthas leas a bhaint as **deiseanna gnó** amhail **lascaine ar airgead síos nó lascaine thrádála** .<br>• Ní bhaintear leas iomlán as an gcumas táirgthe agus mar sin bíonn **leibhéil ísle táirgiúlachta** ann. Mar gheall air seo, d'fhéadfadh sé nach sásófaí na gnáth-éilimh ó thomhaltóirí agus d'fhéadfadh sé go n-aistreodh tomhaltóirí chuig iomaitheoirí eile.<br>• **D'fhéadfadh sé go mbeadh róthrádáil ar bun ag an ngnóthas** (an iomarca gnó a dhéanamh don chaipiteal oibre atá ar fáil), a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le gnóthas a dhúnadh. | 2@3<br>Ní bhronntar marcanna as athrá a dhéanamh ar an míniú a thugtar in (a) amháin |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **8.** | | | **Tabhair breac-chuntas ar an tuiscint atá agat ar an bpríobháidiú agus ar an dírialáil mar pholasaithe rialtais.**<br><br>Tarlaíonn príobháidiú nuair a dhíoltar gnóthas **faoi úinéireacht an stáit** le hinfheisteoirí **príobháideacha**.<br><br>Dírialáil is ea **deireadh a chur le baic reachtacha** ar dul isteach i **dtionscal** nó i margadh /nar thrádáil a dhéanamh i margadh. | 10<br><br>(3+3)<br>+<br>(2+2) |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **9.** | | | | 10<br>3+2+2+2+1 |

| | |
|---|---|
| **1.** | Bréagach |
| **2.** | Bréagach |
| **3.** | Bréagach |
| **4.** | Fíor |
| **5.** | Fíor |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **10.** | | | **Déan idirdhealú idir oiliúint ionduchtúcháin (oiliúint intreorach) agus forbairt foirne.**<br><br>Ní mór **oiliúint** ionduchtúcháin a chur ar fáil do gach **fostaí nua** a théann isteach sa ghnóthas. Tugann sé eolas don fhostaí nua ar an ngnóthas, ar an fostaithe, ar an gcultúr atá ann agus ar na córais agus nósanna imeachta a úsáidtear/Léiríonn sé don fhostaí nua na riachtanais a bhaineann leis na h**oibríochtaí teicniúla laethúla/scileanna oibre** a úsáidtear sa ghnóthas gach lá/tá sé mar aidhm leis go mbeadh an fostaí iomlán táirgiúil a luaithe agus is féidir.<br><br>Is cur chuige fadtéarmacha é an Fhorbairt Foirne a úsáidtear le **fostaithe reatha** chun iad a spreagadh le dúshláin nua a ghlacadh agus a gcumas iomlán a bhaint amach/leagtar béim ar an **bhforbairt gairme**/níl an **fhorbairt ghairmiúil** chomh sonrach leis an oiliúint ionduchtúcháin/bíonn **scileanna ceannaireachta agus cumarsáide níos fearr ag na fostaithe uile** | 10<br>(3+3)<br>+<br>(2+2) |

## ROINN 2

## (80 marc)
## CEIST AR AN nGNÓ FEIDHMEACH
## *An Glasbhealach Ceilteach*

## (NÓTAÍ TACAÍOCHTA)

**(A)** (i) Léirigh na buntáistí eacnamaíocha a bhaineann leis an ***nGlasbhealach Ceilteach*** don **earnáil thánaisteach** agus don **earnáil threasach (seirbhísí)**.

(ii) Déan cur síos ar **dhá** bhuntáiste shóisialta a bhaineann le tionscadal an **Ghlasbhealaigh Cheiltigh**. (20 marc)

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **(A)** | (i) | | <u>An Earnáil Thánaisteach</u><br>Baineann an earnáil thánaisteach le bailiúchán gnóthas a thógann aschur ón earnáil phríomhúil agus táirgí críochnaithe a dhéanamh as. Samplaí: Déantúsaíocht agus Tógáil.<br><br>**Fostaíocht Dhíreach/Cruthú Post**<br>Cruthaíodh poist go díreach sa **chéim thógála** agus sa chothabháil nuair a chríochnaigh an tógáil agus mar sin, laghdaíodh an dífhostaíocht in earnáil na tógála.<br><br>***"Thóg cuideachta thógála áitiúil an bealach in imeacht trí bliana."***<br><br><u>An Earnáil Threasach</u><br>Baineann an earnáil threasach le bailiúchán gnóthas a chuireann seirbhísí ar fáil do thomhaltóirí seachas earraí ar féidir lámh a leagan air.<br><br>**Seach-chuideachtaí**/Tháinig méadú ar ghnóthais mhiondíola agus seirbhísí nuair a forbraíodh an Glasbhealach.<br>***"….tá breis éilimh ar chaiféanna agus ar lóistín in óstáin áitiúla agus in ionaid Leaba agus Bricfeasta feadh an bhealaigh."***<br>NÓ<br>**Cultúr na fiontraíochta**/spreagtar fiontair nua agus cuirtear chun cinn iad. Bunaíodh gnóthais mar go bhfuil an Glasbhealach ag dul ó neart go neart agus tá an mhuinín ann ag fás.<br>***"……..Ansin, i samhradh 2016, sheol sé (Luke Breen) Rothair an Ghlasbhealaigh, seirbhís rothar ar cíos."*** | 2@5(3+2) |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **(A)** | (ii) | | Déan cur síos ar **dhá** bhuntáiste shóisialta a bhaineann le tionscadal an **Ghlasbhealaigh Cheiltigh.**<br><br>**1. Cuirtear stíl mhaireachtála shláintiúil chun cinn**<br>Agus fadhb na hotrachta ag dul in olcas ar na saolta seo, tá sé níos tábhachtaí ná mar a bhí riamh an aclaíocht a chur chun cinn. Bíonn pobail shláintiúla níos sona agus ní bhíonn siad ag brath chomh mór sin ar sheirbhísí poiblí.<br><br>***"Ó cuireadh an bealach sábháilte tarraingteach seo ar fáil, tá fás mór tagtha ar an líon daoine áitiúla a bhíonn ag rothaíocht, ag siúl agus ag bogshodar."***<br>***NÓ***<br>**2. Caighdeán beatha níos fearr/Áiseanna nua**<br><br>Cuireann an Glasbhealach gníomhaíochtaí amuigh faoin aer chun cinn agus mealltar daoine chun na tuaithe chun rothaíocht a dhéanamh agus siúlóidí a dhéanamh le cairde agus leis an teaghlach, chun taitneamh a bhaint as na radhairc, as an aer úr agus as an tsíocháin. Déanann sé maitheas do shláinte fhisiciúil agus do mheabhairshláinte an daonra. Feabhsaítear áiseanna agus is maith le daoine cónaí sa cheantar.<br><br>***"Ó cuireadh an bealach sábháilte tarraingteach seo ar fáil, tá fás mór tagtha ar an líon daoine áitiúla a bhíonn ag rothaíocht, ag siúl agus ag bogshodar."***<br><br>**3. Sochaí níos Sláintiúla/Folláine**<br>Cuireann an Glasbhealach gníomhaíochtaí amuigh faoin aer chun cinn agus mealltar daoine chun na tuaithe chun rothaíocht a dhéanamh agus siúlóidí a dhéanamh le cairde agus leis an teaghlach, chun taitneamh a bhaint as na radhairc, as an aer úr agus as an tsíocháin. Cuirtear feabhas ar shláinte agus ar fholláine an phobail agus bíonn níos lú costas ann do na seirbhísí sláinte dá thoradh.<br><br>***" Is fearr a aithnítear anois go bhfuil an rothaíocht ina mhód fíorthábhachtach chun tionchar na modhanna iompair ar an gcomhshaol a laghdú agus chun nósanna maireachtála níos sláintiúla agus níos cothroime a chur chun cinn."*** | 2@5(1+2+2) |

**4. Buntáistí comhshaoil**
Is minic a bhaineann truailliú le gníomhaíocht dhaonna nó le gníomhaíocht ghnó. Déanann rud ar bith a laghdaíonn an truailliú áilleacht áite a mhéadú agus caighdeán na beatha a fheabhsú. Ní mór díriú ar an iompar chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú.

***"Is fearr a aithnítear anois go bhfuil an rothaíocht ina mhód fíorthábhachtach chun tionchar na modhanna iompair ar an gcomhshaol a laghdú agus chun nósanna maireachtála níos sláintiúla agus níos cothroime a chur chun cinn."***

**NÓ**
**Caomhnú Comhshaoil**
Beidh comhshaol níos glaine agus caighdeán beatha níos fearr do mhuintir na háite agus don phobal amach anseo mar thoradh ar laghdú ar bith a dhéantar ar bhreoslaí carbóin a úsáid. Tá lorg carbóin níos lú ag an rothaíocht agus ag an siúl i gcomparáid leis an mótar-iompar agus mar sin, caomhnaítear an comhshaol.

***"Is fearr a aithnítear anois go bhfuil an rothaíocht ina mhód fíorthábhachtach chun tionchar na modhanna iompair ar an gcomhshaol a laghdú."***

***5.*** **Feabhas ar Sprid an phobail/ar an gCreatlach shóisialta**

Mar go mbíonn an pobal ag oibriú le chéile, forbraítear caidrimh agus feabhsaítear an t-atmaisféar mar go bhfuil cónaitheoirí bródúil as an áit. Chuir an tsuim a léiríodh go háitiúil an tionscadal chun cinn. Cruthaíonn an Glasbhealach deiseanna do dhaoine idirghníomhú sóisialta a dhéanamh agus tugann sé spreagadh do roinnt daoine agus grúpaí gníomhaíochtaí sóisialta a dhéanamh a bhaineann le glasbhealaí.

***"Is áit an-mhaith é an Glasbhealach i gcomhair gasóga atá ag iarraidh suaitheantais fiúntais a bhaint amach agus tionscadail dheonacha a dhéanamh."***
***nó***
***"......dhear sé treoir don Ghlasbhealach agus tharraing aird ar áiteanna feadh an bhealaigh a bhí inspéise ó thaobh na staire de."***

***NÓ***

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **6. Coisctear bánú/Athnuachan na tuaithe/rathúnas na tuaithe**<br>Bíonn fonn ar dhaoine fanacht i gceantar má bhíonn áiseanna, deiseanna fostaíochta agus deiseanna chun taitneamh a bhaint as an am saor ar fáil ann. Bíonn rath ar phobail áitiúla.<br><br>***"Nascann an Glasbhealach bailte móra, sráidbhailte agus áiteanna ar díol spéise iad ó thaobh an dúlra de."***<br><br>**NÓ**<br>**7. Deiseanna sóisialta**<br>Cuireann áis áitiúil ar bith lena gcuirtear spás ar fáil do dhaoine bualadh lena gcairde le creatlach shóisialta an cheantair mar go mothaíonn siad gur leo an áit agus mar go gcothaítear bród as an gceantar.<br><br>***"Is áit an-mhaith é i gcomhair gasóga atá ag iarraidh suaitheantais fiúntais a bhaint amach agus tionscadail dheonacha a dhéanamh."***<br><br>**TABHAIR FAOI DEARA:** Ní féidir naisc a úsáid an athuair laistigh de roinn. | |

**(B)** (i) Mínigh an téarma **taighde margaidh**.
(ii) Déan measúnú ar na cineálacha éagsúla taighde deisce **agus** taighde allamuigh a rinne Luke Breen, agus samplaí cuí ón téacs á n-úsáid agat. (30 marc)

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **(B)** | (i) | | **Eolas** faoin spriocmhargadh a **bhailiú** agus **anailís** a dhéanamh air chun **treochtaí a bhunú.** | 6(3+3) |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **(B)** | (ii) | | <u>Taighde allamuigh:</u><br><br>**Breathnóireacht (Dhíreach)**<br>Déanann fostaí nótaí maidir le hiompar an chustaiméara ag an díolphointe. Cuireann seo ar chumas an ghnóthais eolas a bhailiú ar a ndéanann custaiméirí gan idirghníomhú go díreach leo. Laghdaítear tionchar na claontachta ar na torthaí a fhaightear.<br><br>***"Is fear gnó sa phobal é Luke Breen agus is rothaí díograiseach é. Thug sé faoi deara nach raibh de rogha ag turasóirí ó thar lear a bhí ag úsáid an Ghlasbhealaigh ach é a shiúl mar nach bhféadfaidís rothair a fháil ar cíos go háitiúil."*** | 4@5<br>(2+3)<br><br>Teastaíonn ceann amháin ar a laghad de gach aon cheann. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **Suirbhé (agallaimh nó ceistneoirí)**<br>Idirghníomhaíonn fostaí ón ngnóthas go díreach leis an spriocmhargadh/sampla ionadaíoch den phobal agus cuirtear ceisteanna sonracha orthu. Is é an aidhm atá ann tuairimí na ndaoine ar tháirgí nó seirbhísí ar leith a fháil. Bailítear idir shonraí cáilíochtúil agus sonraí cainníochtúla. Déantar taifead ar thorthaí na gceistneoirí ar fad. Is féidir suirbhé a dhéanamh i do steillbheatha, ar an bhfón nó trí ríomhphost.<br><br>***"Rinne Luke suirbhé ar úsáideoirí an Ghlasbhealaigh thar thréimhse dhá lá chun eolas a bhailiú faoi chomh sásta agus a bhí siad leis an nGlasbhealach."***<br><br>**Aiseolas ó Chustaiméirí**<br>Bíonn deis ag fostaithe díolacháin aiseolas a bhailiú ó chustaiméirí ag an díolphointe go minic. Is féidir an t-aiseolas seo a thabhairt do bhainisteoirí le go n-úsáidfear é mar bhonn eolais do chinntí a dhéanfar i leith an ghnóthais amach anseo.<br><br>***"Chuir sé feabhas ar an tseirbhís, bunaithe ar mholtaí ó chustaiméirí."***<br><br><u>Taighde Deisce</u><br><br>**1. An t-idirlíon (suíomhanna gréasáin/grúpaí úsáideoirí amhail boards.ie)**<br>Is é an t-idirlíon an bailiúchán is mó sonraí atá ar fáil in áit ar bith ar domhan. Tá bainc mhóra staitisticí ar fáil ann mar aon le hailt nuachta a chabhraíonn le treochtaí in iompraíocht custaiméirí a bhunú. Tá sé éasca rochtain a fháil air agus tá sé éifeachtúil ó thaobh costas de. Is féidir le gnóthas sonraí a fhoilsítear ar an idirlíon a úsáid chun treochtaí sa spriocmhargadh a bhunú.<br><br>***"D'fhiosraigh sé ar líne agus fuair sé amach go raibh fás ar dhíolachán rothar i roinnt mhaith de thíortha na hEorpa, Éire ina measc. Léirigh sin go raibh níos mó suime ag daoine sa rothaíocht agus i saoirí rothaíochta anois."***<br><br>**2. Cumainn Trádála/Grúpaí leasa/tuarascálacha foilsithe**<br>Foilsíonn Cumann Trádála agus grúpaí leasa torthaí ar thaighde agus tuarascálacha bliantúla a thugann léargas ar an gcaoi a bhfuil iompraíocht custaiméirí ag athrú.<br><br>D'fhéadfadh sé go bhfoilseodh cumainn tionscail/trádála taighde ó am go ham. Cuireann sé sin eolas ar fáil faoin táirge agus faoin gcaoi a bhfuil sé ag athrú sa mhargadh nó faoin gcaoi a bhfuil an margadh ag athrú. Cuirtear sonraí an-sonrach ar fáil. | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | ***"Léigh sé taighde a d'fhoilsigh Cumann Gnó Rothair na hÉireann faoi na cineálacha éagsúla rothair a bhí oiriúnach do thír-raonta éagsúla sular cheannaigh sé rothair chun iad a ligean amach ar cíos."***<br><br>Measúnú | <br><br><br><br>(2+2) |

**(C)** Déan plé ar an mbealach ar chuir Luke na gnéithe den chumasc margaíochta in oiriúint don **mhargadh domhanda**.

(30 marc)

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| (C) | | | **Táirge Domhanda**<br>• Is gné den chumasc margaíochta í seo a ndéanann cuideachtaí iarracht gan í a athrú.<br>• Is é is aidhm do ghnólachtaí domhanda táirge/seirbhís neamhdhifreáilte a dhíol i ngach margadh etc.<br><br>***"Rinne sé an gnó a athbhrandáil mar Chonairí Rothar na hOidhreachta Ceiltí ar a láithreáin líonraithe shóisialta agus chuir an bhéim ar thurasóireacht eachtraíochta amuigh faoin aer."***<br><br>***Nó***<br><br>***"Tuigeadh dó nár mhór a ainm branda a oiriúnú chun aird a tharraingt ar a GUD."***<br><br>**Praghas Domhanda**<br>Féachann gnólachtaí domhanda le praghas aonfhoirmeach a bhaint amach i ngach margadh, mar sin féin, téann na tosca seo a leanas i bhfeidhm ar an gcuspóir seo go minic:<br>• An costas maireachtála i dtíortha éagsúla.<br>• Coinníollacha an mhargaidh áitiúil.<br>• Leibhéil phraghais áitiúla agus praghsanna a ghearrann iomaitheoirí sa mhargadh.<br>• An costas trádála in airgeadraí éagsúla.<br>• Éagobhsaíocht sa ráta malairte a d'fhéadfadh praghsanna a mhéadú.<br><br>***"Is féidir glacadh le híocaíochtaí in airgeadraí éagsúla ar an suíomh gréasáin."***<br><br>**Cur Chun Cinn Domhanda**<br>• Ní mór difríochtaí i reachtaíocht, i dteanga agus i gcultúr agus na meáin éagsúla a úsáidtear i margaí éagsúla a aithint agus an cur chun cinn á roghnú etc.<br>***"Bhain sé úsáid as ardáin dhigiteacha nuair a bhí sé ag déanamh fógraíocht idirnáisiúnta chun a ghnó a chur chun cinn mar gheall ar chostas na meán traidisiúnta fógraíochta mar an teilifís, an raidió, na nuachtáin, etc."***<br>***Nó***<br>***"……… agus bíonn tairiscintí speisialta ar fáil dóibh siúd a dhéanann áirithint luath."***<br>***Nó***<br>***".....agus tá an suíomh ar fáil i roinnt teangacha éagsúla."*** | 2@8<br>(3+2+3)<br>2@7<br>(2+2+3) |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **Áit Dhomhanda**<br>De ghnáth, bíonn bealaí dáileacháin domhanda níos faide agus bíonn baint ag níos mó idirghabhálaithe ar nós easpórtálaithe agus gníomhairí leo.<br>Seo a leanas samplaí de bhealaí éagsúla:<br>• Díol go díreach le tomhaltóirí<br>• Úsáid a bhaint as gníomhairí – tríú páirtí neamhspleách a ghníomhóidh thar ceann an ghnólachta.<br>• Comhghuaillíocht straitéiseach a chruthú le cuideachta eachtrach chun seirbhís a mhargú.<br>• Tá sé níos éifeachtúil ó thaobh costas de suíomh gréasáin a chur ar fáil seachas úsáid a bhaint as gníomhaire.<br><br>***"Díoltar pacáistí éagsúla ar an suíomh gréasáin."*** | |

## ROINN 3
**(240 marc)**

Freagair **Ceithre** cheist as **Roinn 3** mar a leanas:
Ceist **amháin** as **Cuid 1**, **Dhá** cheist as **Cuid 2** agus ceist **Amháin** eile as **Cuid 1** nó as **Cuid 2**.
Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

### Cuid 1
### Daoine sa Ghnó / Timpeallacht Ghnó

### Ceist 1

**(A)**

(i) Mínigh an modh chun an conradh dleathach dá dtagraítear sa téacs thuas a fhoirceannadh.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** mhodh eile chun conradh dleathach a fhoirceannadh, agus tabhair sampla i n**gach** cás. (25 marc)

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| 1 | (A) | (i) | **Dírathú**<br>Ní féidir an conradh a chur i gcrích mar gheall go dtarlaíonn eachtra gan choinne/ Tarlaíonn rud éigin a chiallaíonn nach féidir an conradh a thabhairt chun críche. Ciallaíonn bás an amhránaí nach féidir an conradh a thabhairt chun críche. | (2+2) |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| 1 | (A) | (ii) | **Sárú**<br>Más rud é nach gcomhlíonann duine de na páirtithe a t(h)aobh den chomhaontú/den oibleagáid chonartha i.e. ní dhéantar maith de na gealltanais a rinneadh, meastar gur séanadh an conradh.<br>Tá an páirtí ag sárú coinníll/gné riachtanach den chonradh. Tá ceart caingne sna cúirteanna ag an dara páirtí i gcoinne an chéad pháirtí a bhí freagrach as an sárú/i dteideal cúitimh.<br>*Aon sampla cuí:*<br>*Thóg tógálaí a fostaíodh chun grianán a thógáil seomra nach raibh ach aon fhuinneog amháin ann. Is féidir leis an dara páirtí an tógálaí a thabhairt os comhair na cúirte.*<br><br>**Comhaontú**<br>Is féidir le páirtithe an chonartha comhaontú go gcuirfear deireadh le conradh/go gcuirfear críoch ar an gconradh de thoil a chéile, is cuma cé acu ar baineadh nó nár baineadh cuspóir an chonartha amach. | 3@7<br>(2+3+2) |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | *Aon sampla cuí:*<br>*Is féidir deireadh a chur le conradh fostaíochta le comhaontú, má tá clásal sa chonradh ina luaitear, mar shampla, gur féidir an conradh a fhoirceannadh má thugtar fógra míosa.*<br><br>**Comhlíonadh**<br>Comhlíonann an dá pháirtí den chonradh na dualgais atá orthu mar a leagtar amach sa chonradh iad/cuirtear an conradh i ngníomh i gcomhréir leis na téarmaí a chomhaontaíodh.<br><br>*Aon sampla cuí:*<br>*Rinneadh áirithint le banna i gcomhair bainise. Sheinn siad ag an mbainis mar a aontaíodh.* | |

**(B)** Léirigh an tionchar a bhíonn ag díospóidí trádála ar aon **trí** cinn de na páirtithe leasmhara i ngnólacht. (15 mharc)

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| 1 | (B) | | **Áirítear iad seo le freagraí féideartha:**<br><br>**<u>Fostaithe</u>**<br>Ní chomhlíonfaidh fostaithe na dualgais atá orthu agus mar thoradh air sin, beidh coimhlint ann idir na fostaithe agus an bhainistíocht. Ní bhfaighidh siad pá le linn stailc oifigiúil. D'fhéadfadh sé go mbeadh deacrachtaí airgeadais ag na fostaithe mar thoradh ar ghníomhaíocht thionsclaíoch fhaidréiseach. Éiríonn fostaithe díspreagtha/neamhtháirgiúil.<br><br>Aon sampla cuí:<br><br>**<u>Custaiméirí/tomhaltóirí</u>**<br>Ní bhíonn tomhaltóirí in ann seirbhísí/táirgí a cheannach mar go gcuireann obair de réir rialach nó stailc oifigiúil isteach ar an ngnóthas. D'fhéadfadh sé nach mbeadh muinín acu a thuilleadh sa bhranda/go n-athróidís go branda/gnóthas eile.<br><br>Aon sampla cuí:<br><br>**<u>Infheisteoirí</u>**<br>Déanann díospóidí trádála drochphoiblíocht ar an ngnóthas. D'fhéadfadh sé go dtitfeadh scairphraghsanna agus mar sin, go laghdófaí luach díola leas an infheisteora. Laghdaíonn gníomhaíocht thionsclaíoch fhaidréiseach leibhéil an bhrabúis agus, mar sin, an seans go n-íocfar díbhinn le hinfheisteoirí ag deireadh na bliana. D'fhéadfadh sé go ndíolfadh infheisteoirí a scaireanna.<br><br>Aon sampla cuí: | 3@ 5(2+3) |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **<u>Bainistíocht/Fostóir</u>**<br>Ní mór don bhainistíocht am agus dua a chaitheamh leis an gcoimhlint a réiteach seachas a bheith ag díriú ar spriocanna an ghnóthais. Ní mór don bhainistíocht cóid chleachtais a aontaíodh a leanúint. D'fhéadfadh sé mbeadh an seachrán seo ina chúis le moill agus cur amú sa táirgeadh. D'fhéadfadh sé nach mbeidís in ann infhiontraíocht a chur chun cinn i measc fostaithe.<br><br>Aon sampla cuí:<br><br>**<u>Soláthraithe/Soláthróirí Seirbhíse</u>**<br>Íoctar soláthraithe agus soláthróirí seirbhíse de ghnáth nuair a dhíoltar an táirge nó an tseirbhís. D'fhéadfadh sé go mbeadh síneadh leis an tréimhse ama sin (cairde) mar gheall ar ghníomhaíocht thionsclaíoch. D'fhéadfadh sé nach mbeidís in ann a dtáirgí a dhíol agus nach n-íocfaí na cuntais dhlite in am.<br><br>Aon sampla cuí:<br><br>**<u>Rialtas</u>**<br>Más stailc oifigiúil an díospóid, laghdóidh an stop a chuirtear le gníomhaíocht ghnó ioncam cánach amhail ÍMAT, CBL agus cáin bhrabúis chorparáide don rialtas. D'fhéadfadh sé go ndúnfaí gnóthas agus go mbeadh ar an rialtas sochar leasa shóisialaigh a íoc.<br>NÓ<br>D'fhéadfadh sé go mbeadh ar ghníomhaireachtaí stáit, amhail an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, dul i dtreis sa scéal le go dtiocfaí ar réiteach gan mhoill. Bíonn acmhainní agus am ag teastáil chuige sin<br>.<br>Aon sampla cuí:<br><br>**<u>Fiontraí</u>**<br>Is lú seans go gcuirfidh an fiontraí smaointe nua chun cinn má tá coimhlint sa ghnóthas.<br><br>Aon sampla cuí: | |

**(C)** Faoi théarmaí na nAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2007, mínigh na forais i gcomhair dífhostú a mheastar a bheith **cóir**. (20 marc)

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| 1 | (C) | | **Neamhábaltacht**<br>Áirítear air sin míphoncúlacht leanúnach agus neamhláithreachas ar bonn gearrthéarma nó fadtéarma.<br>Ní mór don fhostóir fianaise dhoiciméadach a thabhairt ar an líomhain seo, amhail taifead ar an gclogáil isteach nó taifid de neamhláithreacht nach bhfuil teastas dochtúra ar fáil di. Anuas air sin, ní mór don fhostóir a léiriú gur cuireadh an fhadhb in iúl don duine agus gur tugadh rabhadh dó maidir leis na hiarmhairtí a bheadh ann don fhostaíocht amach anseo.<br><br>**Neamhinniúlacht**<br>Baineann neamhinniúlacht le neamhábaltacht an duine an post a dhéanamh (feidhmíocht lag oibre/spriocanna díolacháin nár baineadh amach). Ar an gcéad dul síos, ní mór a chur in iúl don duine na caighdeáin lena bhfuiltear ag súil, agus ní mór go mbeidís ag teacht leis an bpost ar fostaíodh an duine chuige.<br>Ar an dara dul síos, mura mbaineann an duine na caighdeáin sin amach, ní mór sin a mhíniú go soiléir don duine.<br>Ba chóir é sin a dhéanamh trí nós imeachta foirmiúil atá leagtha amach. Ba cheart don fhostóir an feabhas atá de dhíth a shonrú freisin.<br>Ba cheart go mbeadh an feabhas sin indéanta agus ba cheart achar réasúnta ama a thabhairt chun an feabhas sin a bhaint amach.<br>Ar deireadh thiar, ba cheart don fhostóir rabhadh deiridh a thabhairt don duine lena leagtar amach an baol go mbrisfear as an bpost é.<br><br>**Cáilíochtaí** (mífhaisnéis arna tabhairt ag an bhfostaí)<br>Féadfaidh dífhostú cóir mar gheall ar cháilíochtaí a tharlú ar dhá bhealach. Bealach amháin is ea má thugtar eolas mícheart don fhostóir i dtaca le cáilíochtaí nuair a chuirtear isteach ar an bpost.<br>NÓ<br>An bealach eile is ea gur leag an fostóir an coinníoll síos go leanfaí den fhostaíocht dá mbainfí cáilíochtaí breise amach ach nár baineadh amach na cáilíochtaí sin, cé gur tugadh deis réasúnta don duine a leithéid a dhéanamh.<br>Tá ceadúnas d'fheithiclí earraí troma ag tiománaí ach ní éiríonn leis ceadúnas d’fheithiclí seirbhíse poiblí a fháil. | 2@7(4+3)<br>1@6(3+3) |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **Mí-iompar** (iompar míchuí agus do-ghlactha)<br>D'fhéadfadh sé go mbeadh mí-iompar tromchúiseach ina chúis le dífhostú láithreach (ar an toirt) gan fógra agus gan íocaíocht in ionad fógra. Áirítear ar na samplaí den mhí-iompar tromchúiseach ionsaí a dhéanamh, an mheisceoireacht, an ghadaíocht, an bhulaíocht nó aon sárú tromchúiseach eile ar nósanna imeacht agus ar pholasaithe an fhostóra.<br><br>D'fhéadfadh sé go mbeadh mí-iompar i gceist le heachtraí beaga nuair a chuirtear le chéile iad agus go mbeidís ina gcúis le dífhostú cé nach mór don fhostóir fógra nó íocaíocht in ionad fógra a thabhairt sa chás sin.<br><br>**Iomarcaíocht** (de bharr dúnadh, iomaíochta, laghdú ar éileamh)<br>Sa chás seo, ní mór don fhostóir a léiriú go bhfuil cás iomarcaíochta i gceist mar nach bhfuil an post ag teastáil a thuilleadh agus mar sin gur dífhostú cóir atá ann.<br>Ciallaíonn sé sin go bhfuil cúis eacnamaíoch leis an iomarcaíocht; nach ndéanfar ionadú ort. Ní mór nósanna imeachta cothroma a chur i bhfeidhm (e.g. an duine is déanaí isteach is é is túisce amach).<br><br>**An dlí a shárú**<br>Féadfaidh an fostóir duine a dhífhostú dá mbeadh an fhosaíocht ag sárú an dlí dá leanfaí léi. Mar shampla, ní mór do dhuine ceadúnas tiomána reatha a bheith aige ach baineadh an ceadúnas dó mar gheall gur ciontaíodh as bheith ag tiomáint ar meisce é. Níorbh fhéidir leis an duine oibriú gan an dlí a shárú agus mar sin, dífhostú cóir a bheadh ann. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an bhfostóir féachaint ar roghanna eile ag brath ar fhíricí an cháis. Sampla eile is ea dá mbeadh víosa oibre/cead oibre fostaí as feidhm. | |

## Ceist 2

**(A)** Pléigh na buntáistí atá ann do chomhar creidmheasa feidhmiú mar chomharchumann.

(20 marc)

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **2** | **(A)** | | • **Dliteanas Teoranta.** Ní fhéadfar sócmhainní pearsanta na mball a dhíol chun fiachas gnó a íoc i gcás dócmhainneachta.<br><br>• **Bíonn nasc coiteann idir na baill de ghnáth (cónaitheoirí i gceantar áitiúil)**. Braitheann na baill go bhfuil siad ag déanamh gnó le daoine a bhfuil aithne acu orthu.<br><br>• **Cuirtear tuairimí na mball faoin gcaoi a ritear an gnóthas san áireamh.** Tugtar cuireadh do bhaill freastal ar CGB agus vótálann siad ar cheisteanna amhail an díbhinn/Déantar cinntí ar bhonn "Vóta amháin in aghaidh an Bhaill".<br><br>• Úsáidtear **coigilteas na mball ar mhaithe le comhshochar na mball uile** sa chomhar creidmheasa. Nuair a bhíonn coigilteas ag ball leis an gcomhar creidmheasa, is féidir leis iasacht ag ráta seasta úis a fháil.<br><br>• Cuireann an comhar creidmheasa réimse leathan **seirbhísí baincéireachta ar fáil ar chostas íseal** mar nach bhfuil an tsuim chéanna acu sa bhrabús i gcomparáid leis na bainc thrádála. Ní ghearrtar aon táillí idirbhirt ar iasachtaí ná ar chuntais choigiltis. Is áit shábháilte chun coigilteas a dhéanamh agus iasacht a fháil ar rátaí réasúnta iad.<br><br>• Is comharchumann airgeadais seachbhrabúsach é gach comhar creidmheasa. **Tugtar an t-ioncam breise a dhéantar ar ais do na baill mar dhíbhinn** do choigilteoirí agus mar lacáiste úis d'iasachtaithe nó d'fhéadfaí é a úsáid chun seirbhísí níos fearr nó seirbhísí breise a chur ar fáil do na baill.<br><br>• Oibríonn an comhar creidmheasa i gcomhar leis an bpobal áitiúil.<br><br>• Cothaíonn na comhair chreidmheasa barainn, agus baintear leas as coigilteas na gcomhaltaí ar mhaithe leis na comhaltaí ar fad. | 2@7(4+3)<br>1@6(3+3) |

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí **agus** ar na dúshláin do gheilleagar na hÉireann a bhaineann le méadú ar an bhfostaíocht.

(25 marc)

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **2** | **(B)** | | **Áirítear iad seo le freagraí féideartha:**<br>**<u>Buntáistí</u>**<br>• **Méadaíonn ioncam méadaithe** d'fhostaithe **caiteachas tomhaltais/**caighdeán maireachtála níos fearr.<br>• Bíonn **méadú ar ioncam cánach don rialtas** ina chúis le feabhas ar sheirbhísí poiblí nó cabhróidh sé leis an bhfiachas náisiúnta a íoc/Laghdaítear an costas a bhaineann le sochar leasa shóisialaigh mar gur lú duine atá dífhostaithe.<br>• Tagann **borradh faoin muinín agus faoin mbród as an áit áitiúil** agus bíonn pobail níos fuinniúla mar gheall air sin.<br>• Féadfar **infheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh** agus an cháil atá ar 'Ireland.inc' ag dul i dtreis.<br>• Tagann borradh faoin ngníomhaíocht tógála (gníomhaíocht dlúthfhostaíochta): ceannaítear níos mó tithe agus déantar tithe a nuachóiriú mar gheall ar an méadú ar ioncam. Ní mór áitribh ghnó a thógáil freisin.<br>• Ní mór **bonneagar feabhsaithe** a chur ar fáil chun an méadú san fhostaíocht a éascú (DART, Luas traschathrach agus córas Meitreo níos fearr).<br>• **Cobhsaíocht pholaitíochta/comhtháthú sóisialta níos fearr**. Bíonn na toghthóirí níos socra nuair a bhíonn ráta ard fostaíochta ann.<br>• Téann **níos lú daoine ar imirce** mar go bhfuil fostaíocht ar fáil in Éirinn/ní théann daoine oilte ar imirce.<br>**<u>Dúshláin</u>**<br>• D'fhéadfadh sé go mbeadh **ganntanas scileanna** ann mar go bhfuil éileamh mór ar scileanna áirithe (e.g. ríomhchláraitheoirí, chefanna, oibrithe fáilteachais)/ Deacracht oibrithe a aimsiú chun an-chuid folúntas a líonadh.<br>• D'fhéadfadh sé go mbeadh **brú ar an soláthar tithíochta** agus mar sin, go dtiocfadh ardú ar an gcíos agus go mbeadh easpa lóistín oiriúnaigh ar fáil i gceantair thábhachtacha.<br>• D'fhéadfadh sé freisin nach mbeadh Éire chomh tarraingteach céanna mar áit do chuideachtaí ilnáisiúnta mar gheall ar an **easpa tithíochta ar phraghas réasúnta.** | 1@7(4+3)<br>3@6(3+3)<br><br>Ní ghlactar ach le pointe rialtais amháin. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | • Tógann sé tamall fada feabhas a chur ar an mbonneagar. Cothaítear **cultúr comaitéireachta** mar go gcaithfidh fostaithe achar fada a thaisteal gach lá chuig an obair.<br>• Cothaíonn an cultúr comaitéireachta 'bailte comaitéireachta' mar nach mbíonn cónaitheoirí ann ach san oíche. D'fhéadfadh sé sin bac a chur ar ghníomhaíochtaí pobail, amhail Clubanna CLG agus coistí bailte slachtmhara, a fhorbairt mar go gcaitheann cónaitheoirí níos lú ama sa bhaile.<br>• Bíonn caiteachas ard tomhaltais ina chúis le **boilsciú** agus mar sin **éilimh phá** a chuireann isteach ar iomaíochas gnóthas.<br>• D'fhonn éilimh phá a laghdú, d'fhéadfadh sé go laghdódh socruithe nua conartha caighdeán beatha na bhfostaithe i bpoist do dhaoine neamhoilte. (Fostaíocht pháirtaimseartha, conarthaí náid uaireanta/an "geilleagar poistíneachta").<br>• D'fhéadfadh sé go méadódh an **inimirce** mar go dtiocfadh daoine go hÉirinn ar thóir fostaíochta. D'fhéadfadh sé go mbeadh coimhlint chultúrtha mar thoradh air seo.<br>• Nuair a thagann méadú ar an bhfostaíocht i gcathracha móra, is minic a thagann meath ar phobail tuaithe mar go bhfágann na daoine atá i gcónaí ann chun poist i gceantair uirbeacha a ghlacadh.<br><br>**Marcáiltear pointí ábhartha eile ar bhonn an fhiúntais a bhaineann leo.** | |

**(C)** Déan measúnú ar éifeachtacht Fhiontraíocht Éireann maidir le cabhair a thabhairt do ghnólachtaí Éireannacha dúchasacha. (15 mharc)

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **2** | (**C**) | | Is ar Fhiontraíocht Éireann atá an fhreagracht as tionscal dúchasach Éireannach a fhorbairt agus béim ar easpórtáil ag gabháil leis. Díríonn sí ar chúnamh a thabhairt do ghnóthais faoi úinéireacht Éireannach a bhfuil deichniúr fostaithe nó níos mó acu díolacháin nua easpórtálacha a bhaint amach. Réimse amháin dá dtugann Fiontraíocht Éireann tacaíocht is ea earnáil bogearraí na hÉireann.<br><br>• **Tacaíochtaí maoiniúcháin** – réimse tacaíochtaí do ghnólachtaí nuathionscanta, pleananna fairsingithe, agus pleananna forbartha agus taighde gnó.<br>Cuireann Fiontraíocht Éireann maoiniú agus tacaí ar fáil do chuideachtaí – ó fhiontraithe a bhfuil tairiscintí gnó acu le haghaidh gnólacht nuathionscanta ardacmhainne go cuideachtaí móra atá ag leathnú a gcuid gníomhaíochtaí agus ag méadú a ndíolachán idirnáisiúnta. Soláthraíonn sí infheistíocht chothromais don lucht gnó. Tacaíonn a Scéim Caipitil Síl fiontair le forbairt comhlachtaí ard-fáis.<br><br>• **Cúnamh easpórtálacha** –Tá oifigí idirnáisiúnta ag Fiontraíocht Éireann agus is féidir leo cabhrú le heaspórtálacha a mhéadú trí sheirbhísí margaíochta/naisc a chur ar fáil agus gnóthais a chur in aithne do chustaiméirí féideartha thar lear.<br><br>• **Tacaíochtaí chun iomaíochas a fhorbairt** – cabhraítear le cuideachtaí a bheith níos tíosaí le go mbeidh siad níos iomaíche sna margaí idirnáisiúnta.<br><br>• **Dreasachtaí chun forbairt agus taighde inchuideachta a fhorbairt** – táirgí, seirbhísí agus próisis nua a fhorbairt chun inbhuanaitheacht agus fás a áirithiú ach táirgí agus seirbhísí a fhorbairt.<br><br>• **Cabhrú leis an gcomhar forbartha agus taighde** – le hinstitiúidí taighde chun teicneolaíochtaí, táirgí agus próisis nua a fhorbairt agus a thabhairt go dtí an margadh. Soláthraíonn Fiontraíocht Éireann tacaí do chuideachtaí agus do thaighdeoirí araon in Institiúidí Ard-Oideachais chun gur féidir leo forbairt a dhéanamh ar theicneolaíochtaí agus ar phróisis nua as a gcruthófar poist agus as a méadófar easpórtálacha. | 2@6(3+3) |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | • **Naisc le custaiméirí thar sáile agus cur in aithne a dhéanamh** – rochtain ar ghréasán lucht aitheantais domhanda – idir chinn rialtais agus chustaiméirí deiridh. Soláthraíonn Fiontraíocht Éireann clár ina gcuimsítear misin trádála, aontaí trádála agus imeachtaí eolais d'fhonn deis a thabhairt do chliaint nascadh le custaiméirí reatha agus le custaiméirí nua, díolacháin a mhéadú i margaí idirnáisiúnta agus smaointe a mhalartú, etc.<br><br>**Measúnú** | (0,3) |

## Ceist 3

**(A)** Déan measúnú ar na deiseanna **agus** ar na dúshláin do gheilleagar an hÉireann atá ann mar thoradh ar chuideachtaí ilnáisiúnta eachtracha (CIN-anna) a bheith ag lonnú in Éirinn. **Tabhair samplaí** chun tacú le do fhreagra. (20 marc)

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| 3 | (A) | | **Áirítear iad seo le freagraí féideartha:**<br><br>**<u>Deiseanna</u>**<br><br>• **Fostaíocht dhíreach** Céimithe ardoilte a fhostú, a mhéid agus leibhéal PhD, gníomh a chuirfeadh cosc ar imirce daoine oilte ón tír. Tá go leor de na céimithe seo ag plé le taighde agus forbairt, réimse tábhachtach i ngnólachtaí ilnáisiúnta.<br><br>• **Ioncam cánach don Rialtas**, e.g. íocann cuideachtaí ilnáisiúnta cáin chorparáide 12.5% ar a mbrabús. Straitéis lárnach Rialtais is ea an t-ísealráta cánach corparáide maidir le FDI a mhealladh.<br><br>• **Tionchar dearfach seachtháirge** don gheilleagar áitiúil agus do ghnólachtaí áitiúla dúchasacha. Déanann siad a gcuid ionchuir a fhoinsiú ó chomhlachtaí intíre nuair is féidir, agus méadaítear fostaíocht sna gnólachtaí sin dá bharr. Déantar meantóireacht ar ghnólachtaí na hÉireann chun é seo a bhaint amach. Baineann tacsaithe áitiúla, gnólachtaí lónadóireachta, glantóirí, gnólachtaí slándála, tithe tábhairne agus bialanna áitiúla uile sochar as cuideachta ilnáisiúnta bheith ina gceantar áitiúil.<br><br>• **Clú na hÉireann a fheabhsú** agus feidhmiú mar chatalaíoch le haghaidh breis FDI. De bharr go bhfuil mórláithreacht ag comhlachtaí ar nós Intel agus Google anseo, is féidir an tátal a bhaint as gur áit mhaith í Éire le gnó a dhéanamh ann (cáilmheas idirnáisiúnta). | 3@6 (3+3)<br><br>Caithfear sampla ar leith i dtaobh gheilleagar na hÉireann a thabhairt chun lánmharcanna a ghnóthú. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | • **Tugtar bunachar eolais agus saineolas gnó go hÉirinn** i dtaobh córais bhainistíochta agus cultúr eagraíochtúil. Tugtar isteach an teicneolaíocht is nuaí bunaithe ar thaighde ar tugadh faoi i dtíortha eile agus ar an ábhar sin, ní gá an oiread sin a chaitheamh ar thaighde agus forbairt. Faigheann bainisteoirí Éireannacha taithí agus foghlaimíonn siad ó na feidhmeannaigh ghnó iasachta seo.<br>• **Foghlaimíonn** fostaithe Éireannacha i gcomhlachtaí ilnáisiúnta eachtracha **na dea-chleachtais** ghnó agus teicneolaíochta. Mar gheall air sin, bíonn sé éasca d'ábhair fiontraithe a ngnólachtaí féin a bhunú, agus mar sin, cuirtear meanma fhiontraíoch chun cinn.<br>• **Tionchar dearfach ar Chomhardú na Trádála**– Tugann siad leo a gcuid pleananna féin gnó chomh maith lena margaí réamhdhéanta easpórtála.<br><br>**<u>Dúshláin</u>**<br><br>• Tá rochtain éasca ag sár-chomhlachtaí ardteicneolaíochta ar mhargaí idirnáisiúnta. Ceaptar go bhfuil roinnt comhlachtaí infheistíocht dhíreach choigríche ag plé le **tionscadal gan chuing** agus gan aon dílseacht á léiriú d'Éirinn. D'fhéadfaidís fágáil láithreach bonn má bhíonn costais oibriúcháin níos ísle in áit eile.<br>• **Aisdúichiú brabús**, a chiallaíonn nach mbeidh rachmas i ngeilleagar na hÉireann a thuilleadh.<br>• Ciallaíonn **scéimeanna seachanta cánach** amhail na cinn a fheidhmíonn Apple go bhfuil an gnóthachan iarbhír cánach don tír níos lú ná mar a bhítear ag súil.<br>• **An Breatimeacht.** Mar gheall ar an gcinneadh a rinne an Ríocht Aontaithe an tAontas Eorpach a fhágáil, beidh sí in ann Éire a shárú chun cuideachtaí ilnáisiúnta a mhealladh. Nuair a fhágfaidh sí an tAontas, beidh an Bhreatain in ann margaí speisialta a dhéanamh le cuideachtaí idirnáisiúnta le go ndéanfaidh siad infheistíocht sa Ríocht Aontaithe.<br>• D'fhéadfadh sé go meallfadh **rialacha nua Trádála na Stát Aontaithe** cuideachtaí ilnáisiúnta ar ais chuig na Stáit Aontaithe agus mar sin, beidh bagairt ann do shamhail na hÉireann don fhorbairt eacnamaíoch. | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | • **Táthar ag brath go mór ar líon beag cuideachtaí ilnáisiúnta** agus dá bhfágfadh aon cheann acu, thitfeadh ioncam cánach an Rialtais go mór.<br><br>• **Cuideachtaí intíre a dhúnadh** – ní féidir leo dul san iomaíocht le cuideachtaí móra ilnáisiúnta.<br><br>• D'fhéadfadh sé go mbeadh **níos lú iomaíochais** mar chúis le **praghsanna níos airde.**<br><br>**Measúnú** | (0,2) |

**(B)** *Rinne ballraíocht san* ***Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta*** *(AEA) maitheas don ghnó in Éirinn*.
An aontaíonn tú leis an ráiteas sin? Tabhair breac-chuntas ar na cúiseanna le do fhreagra.

(20 marc)

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **3** | **(B)** | | **Aontaím/B'fhéidir**<br><br>• Tháinig laghdú ar na costais idirbhirt sa trádáil – is féidir trádáil a dhéanamh gan an t-airgeadra a athrú.<br>• Tá sé níos éasca do chuideachtaí lonnú anseo – is féidir le cuideachtaí lonnú anseo agus úsáid a bhaint as an airgeadra céanna a úsáidtear i bhformhór na hEorpa.<br>• Tháinig laghdú ar an idirdhealú praghsanna – má thugtar praghas earraí in airgeadra amháin, ba cheart go mbeadh sé ní ba dheacra praghsanna a cheilt i dtíortha éagsúla.<br>• Laghdaítear inathraitheacht an ráta malairte eachtraí – d'fhéadfadh sé go rachadh an laghdú ar an éiginnteacht a bhíonn mar thoradh ar luaineachtaí sa ráta malairte i bhfeidhm ar infheistíocht sa gheilleagar. Tá níos lú éiginnteachta ann do ghnólachtaí móra easpórtála i ndáil le fáltas ó easpórtálacha agus mar sin is féidir leo pleanáil don todhchaí le níos lú riosca agus mar sin, bíonn an chuma ar an scéal gur lú riosca a bhaineann le tionscadail infheistíochta, amhail monarchana nua a thógáil, a chur ar bun.<br>• Earnáil na turasóireachta – Tá sé níos éasca do chuairteoirí ón iasacht teacht go hÉirinn ar laethanta saoire agus mar thoradh air sin, bíonn ioncam níos airde ann d'earnáil na seirbhísí in Éirinn, amhail óstáin, iompar agus siamsaíocht.<br>• Is fusa do ghnólachtaí Éireannacha fairsingiú go dtí an Eoraip mar gur féidir na hidirbhearta ar fad a dhéanamh in Euro.<br>• Tá ráta ús seasmhach mar gheall nach n-athraíonn ach an Banc Ceannais Eorpach iad.<br>• Tá sé níos éasca caipiteal a fháil ó bhainc ar fud na hEorpa.<br>• Boilsciú íseal agus socracht praghsanna. | 2m<br><br>2@7(4+3)<br>1@4(2+2) |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| 3 | (B) | | **Ní aontaím/B'fhéidir**<br><br>• Ní dheachaigh an comhpháirtí trádála is mó atá ag Éirinn (an Ríocht Aontaithe) isteach san Aontas Airgeadaíochta Eorpach agus mar sin, tá na costais idirbhirt fós ann.<br>• Cailleadh a neamhspleáchas i dtaca le beartas airgeadaíochta – d'fhág Éire an t-airgeadra náisiúnta ina diaidh agus, mar sin, an tsaoirse a bhí aici beartas airgeadaíochta a leagan amach, beartas a leagann an Banc Ceannais Eorpach amach anois agus a chuireann sé chun feidhme.<br>• Beartas airgeadaíochta aonair. Ní féidir le hÉirinn beartas airgeadaíochta a úsáid a thuilleadh chun an ráta úis a athrú.<br>• Iomaíocht bhreise. Tá níos mó iomaíochta idir gnólachtaí Éireannacha agus gnólachtaí iasachta/Caitheann tomhaltóirí níos mó airgid ar líne.<br>• Caillteanas flaithiúnais. Níl airgeadra dá cuid féin ag Éirinn a thuilleadh. Braitheann sí ar an euro agus ar bheartais an limistéir euro.<br>• Critéir dhiana don incháilitheacht (easnamh sa bhuiséad, fiachas in aghaidh OTI, boilsciú íseal, rátaí úis gar don mheánráta san Aontas).<br>• Bítear níos leochailí i leith tuairteanna seachtracha. | |

**(C)** Mínigh na téarmaí seo a leanas maidir leis an trádáil idirnáisiúnta:

- Bloc trádála
- Taraifí
- Lánchosc
- Fóirdheontais.

(20 marc)

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| 3 | (C) | | • Bloc trádála<br>Grúpa de thíortha rannpháirteacha a thugann cead don tsaorthrádáil eatarthu féin. Ní bhíonn aon taraifí ná bacainní trádála i gceist eatarthu.<br><br>• Taraifí<br>Is cáin ar iompórtálacha é taraif. Méadaíonn an cháin praghas na hiompórtála agus mar sin, díspreagtar caitheamh. Sampla: Tá an tUachtarán Trump ar tí a chéad mhórmhargadh trádála a thabhairt chun críche, ag giaráil bhagairt na dtaraifí chun lamháltais a fháil ó Phoblacht na Cóiré maidir le cruach a heaspórtáil.<br><br>• Lánchosc<br>Trádbhac is ea toirmeasc iomlán ar earraí áirithe a iompórtáil ó thíortha áirithe.  Spreagann cúiseanna polaitiúla, eacnamaíocha, morálta nó comhshaoil iad de ghnáth. Is féidir iad a úsáid mar chineál agóide in aghaidh cleachtais tíre eile.<br>Sampla: Cuireadh trádbhac ar mhairteoil ón Ríocht Aontaithe ar fud na hEorpa le linn eipidéim ghalar na bó buile sna 1990idí.<br><br>• Fóirdheontais<br>Fóirdheontas is ea tacaíocht airgeadais a thugann an rialtas d'earnáil intíre chun an costas táirgthe a laghdú le gur féidir na táirgí a dhíol ar phraghsanna níos ísle ná na praghsanna atá ar iompórtálacha lena bhfuil sin in iomaíocht/a thugtar do ghnólachtaí chun táirgeadh a spreagadh. | 2@6<br>2@4 |

# ROINN 3

## Cuid 2

## Fiontraíocht

### Ceist 4

**(A)**

(i) Léirigh do thuiscint ar an téarma **plean teagmhais**.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar an tábhacht a bhaineann leis an bpleanáil d'aerlíne mar Ryanair. Bíodh tagairt agat i do fhreagra do pleanáil straitéiseach, fheidhmiúil agus daonchumhachta. (25 marc)

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| 4 | **(A)** | (i) | Plean teagmhais is ea plean taca chun ullmhúchán a dhéanamh d'imeacht a d'fhéadfaí tarlú sa todhchaí/d'imeacht nach rabhthas ag súil leis, chun nach ndúnfar an gnólacht/le nach gcuirfear isteach ar an soláthar/Bhí sé de cheart ag Ryanair plean teagmhais a bheith aige mar phlean taca dá n-éileodh roinnt píolótaí laethanta saoire sa tréimhse is gnóthaí.<br>Tá sampla ag teastáil | (4+1) |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| 4 | **(A)** | (ii) | <u>Plean Straitéiseach</u><br><br>Déantar pleanáil fhadtéarmach i ndáil le mórchuspóirí an ghnóthais. Ceapann an fhoireann bainistíochta sinsearaí an plean le brabúsacht fhadtéarmach an ghnólachta a chinntiú agus le cinntiú go mairfidh sé.<br><br>Baineann an phleanáil fhadtéarmach leis an ráiteas misin a bhreithniú agus tacaíocht a thabhairt don ráiteas ach pleananna a leagan amach mar thacaíocht chun cuspóirí an ghnólachta a bhaint amach/múnlaíonn siad cuspóirí an ghnólachta. Baineann riosca mór airgeadais leo. Bíonn eolas ar an ngnólacht ina iomláine agus ar na polasaithe de dhíth.<br><br>**Sampla:** Eitleáin nua bhreosla-éifeachtúla a cheannach/cinneadh maidir le heitiltí cianaistir (eitiltí trasatlantacha)/athrú ó aerlíne réigiúnach go haerlíne náisiúnta nó idirnáisiúnta/Fairsingiú i dtaca le cumasc nó táthcheangal (Táthcheangal IAG le hAer Lingus). | 2@8(5+2+1) |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | <u>Plean Oirbheartaíochta</u><br><br>Roinntear an plean straitéiseach ina phleananna oirbheartaíochta don ghearrthéarma a dhéanann an mheánbhainistíocht. Baintear oibríochtaí amach leis na pleananna sin le gur féidir na cuspóirí straitéiseacha foriomlána a bhaint amach.<br><br>**Sampla:** aistriú chun an tseiceáil isteach ar líne in aerfoirt/bealaí nua/líon na n-eitiltí chuig cinn scríbe ar leith a mhéadú le linn tréimhsí gnóthacha/seirbhísí laethúla a fhairsingiú (nascacht sa bhreis).<br><br><u>Pleanáil daonchumhachta:</u><br>Plean Daonchumhachta is ea plean d'acmhainní daonna an ghnóthais. Leagtar amach líon na mball foirne atá de dhíth ann. Leagtar amach sa phlean freisin an cineál foirne atá de dhíth/an líon ceart daoine ag a bhfuil na scileanna cearta a chur san áit cheart ag an am ceart chun spriocanna na heagraíochta a bhaint amach.<br><br>**Sampla:** Ní raibh plean maith daonchumhachta ag Ryanair mar go raibh siad gann ar uaireanta píolótaí mar gheall ar shocruithe do laethanta saoire na bpíolótaí/drochphleanáil maidir le líon na bpíolótaí agus líon na foirne cábáin a bhí ag teastáil don tréimhse ghnóthach. | 1@4(2+2)<br>Pleanáil<br>Daonchumhachta |

**(B)**

(i) Mínigh 'tosaíochtaí na riachtanas' a d'fhorbair Maslow ina theoiric faoin inspreagadh.

(ii) Pléigh na teorainneacha a d'fhéadadh a bheith leis an teoiric sin faoin inspreagadh.

(25 marc)

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **4** | **(B)** | (i) | Bunaítear Teoiric Inspreagtha Maslow ar dhá bhonn tuisceana:<br>• Tá na riachtanais chéanna ag gach fostaí a eagraítear ina ordlathas de chúig chatagóir.<br>• A luaithe agus a shásaítear riachtanas, níl sé ina inspreagthóir a thuilleadh. Is é an chéad riachtanas eile an spreagthóir don fhostaí ansin.<br><br>Is iad seo a leanas na cúig riachtanas:<br><br>• **Riachtanais Fhisiciúla.**<br>Bia, foscadh agus teas<br>Féadfaidh bainisteoir a chuid oibrithe a spreagadh trí chinnte a dhéanamh go bhfaigheann siad pá féaráilte, bónais agus scéimeanna roinnte brabúis ionas go mbeifear in ann na riachtanais fhisiciúla i dtaca le bia, éadaí, foscadh, etc. a bhaint amach.<br><br>• **Riachtanais Sábháilteachta.**<br>Sábháilteacht, socracht agus comhsheasamhacht<br>Is féidir le bainisteoirí a chuid fostaithe a chur ar a suaimhneas ach na nithe seo a leanas a dhéanamh: conarthaí fadtéarmacha fostaíochta a thairiscint gnás casaoide a chur ar fáil/ scrúduithe leighis a chur ar fáil saor in aisce/ oibrithe a chur ar chúrsaí sláinte agus sábháilteachta/ timpeallacht shábháilte oibre a chur ar fáil, e.g. spéaclaí cosanta, buataisí, lámhainní, hataí crua agus casóga ard-infheictheachta d'oibrithe tógála.<br><br>• **Riachtanais Shóisialta.**<br>Muintearas, cairdeas agus teagmháil<br>Is féidir freastal ar riachtanais shóisialta fostaithe trí fhleisc-am a chur ar fáil a ligeann do na fosaithe níos mó ama a chaitheamh lena dteaghlaigh. Is féidir le hobair bhuíne agus le himeachtaí sóisialta cabhrú le hoibrithe cairdeas agus caidrimh nua a chruthú. | 5@4(2+2) |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | • **Riachtanais Urraime.**<br>Muinín, stádas, féinmhuinín agus aitheantas<br>Is féidir le bainisteoirí freastal ar riachtanais urraime lucht na n-oibrithe trí mholadh, trí luaíochtaí ar nós teideal nua poist nó trí oifig mhealltach a thairiscint etc.<br><br>• **Riachtanais Féinachtála.**<br>Féin-chomhlíonadh, barr cumais a bhaint amach.<br>Is féidir leis an lucht bainistíochta freastal ar na riachtanais seo trí phlean gairme, deiseanna oiliúna agus forbartha, cumasú agus trí ardú céime a thairiscint go dtí poist fhreagrachta. | |

| **Ceist** | | | **Freagraí Féideartha** | **Uas-Mharc** |
|---|---|---|---|---|
| **4** | **(B)** | (ii) | Pléigh na teorainneacha a d'fhéadadh a bheith leis an teoiric sin faoin inspreagadh:<br>• D'fhéadfadh sé nach mbeadh na riachtanas san ord docht mar a shonraíonn Maslow (difríochtaí cultúrtha agus difríochtaí aonair)<br>• Níl na fostaithe uile faoi réir na riachtanas céanna<br>• D'fhéadfadh sé nach mbeadh an luach céanna leis na riachtanais ar fad don fhostaí<br>• D'fhéadfadh sé go dtabharfadh riachtanais éagsúla inspreagadh d'fhostaithe ag amanna éagsúla<br>• Ní bhunaítear an teoiric ar an tsampláil dhian. | 1@3<br>1@2 |

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis go m'fhéidir go rachadh duine leis an bhfiontraíocht.

(10 marc)

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| 4 | (C) | | **Áirítear iad seo le freagraí féideartha:**<br><br>• **Saoirse chun rudaí nua a dhéanamh**. Baineann an fhiontraíocht le seans a thógáil agus rud éigin nua a dhéanamh. Níl aon sonraíocht poist ann don fhiontraí.<br>• **Tuilltear níos mó ioncaim.** Tuilleann fostaí pá as a bheith mar chuid den ghnólacht. D'fhéadfadh sé go dtuillfeadh sé coimisiún freisin. Mar sin féin, coinníonn an fiontraí an brabús ar fad a dhéanann an gnólacht. Agus an gnólacht ag fás, cuirtear le cumas tuillte an duine freisin.<br>• **I gceannas air féin.** Tá an fiontraí in ann a bhealach féin a roghnú sa ghnólacht. Níl aon bhainisteoir i gceannas air.<br>• **"Fonn siúil"** – is maith leis dul sa seans. Bíonn fiontraithe in ann iarracht a bhaint as rudaí is mian leo a thriail. Bíonn an deis acu triail a bhaint as rudaí.<br>• **Feiceann sé bearna sa mhargadh.** D'fhéadfadh sé go bhfeicfeadh an fiontraí bearna sa mhargadh agus déanann sé iarracht an bhearna sin a líonadh agus brabús maith a dhéanamh.<br>• **Cultúr ar son fiontraithe in Éirinn.** Spreagtar gníomhaíocht fhiontraíoch in Éirinn. Cuireann Oifigí Fiontair Áitiúla tacaíocht mhór ar fáil do ghnólachtaí áitiúla ag a bhfuil níos lú ná deichniúr fostaithe.<br>• **Easpa rogha.** Chaill sé a phost de bharr iomarcaíochta agus ní mór dó a shaol a athrú.<br>• **Fiontraithe eile mar ábhar misnigh.** Steve Jobs/Elon Musk | 2@5(2+3) |

## Ceist 5

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí **agus** ar na míbhuntáistí do ghnólacht in earnáil an mhearbhia a bhaineann le saincheadú a roghnú **mar bhealach chun gnólacht a fhairsingiú**.
(20 marc)

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| 5 | (A) | | **Buntáistí:**<br>• Is cineál fairsingithe é a mbíonn **infheistíocht íseal chaipitil ag teastáil ón saincheadúnóir** chuige mar go dtagann an caipiteal a úsáidtear chun an fairsingiú a dhéanamh ó na saincheadúnaithe. An-oiriúnach/coitianta sa timpeallacht eacnamaíoch reatha mar chineál fairsingithe.<br>• Is deis é an saincheadú chun **fairsingiú sciobtha** a dhéanamh. Ach caipiteal na saincheadúnaithe a úsáid, is féidir leis an saincheadúnóir líon mór ionad díolta a oscailt in achar gearr ama. Is féidir fairsingiú sciobtha a bhaint amach gan **na forchostais agus na costais a bhaineann le bialanna ar leis an gcuideachta iad a oscailt a thabhú.**<br>• Beidh úinéir níos cúramaí ná bainisteoir. Is é sin an pointe is mó a dhéanann an saincheadú tarraingteach. Bíonn an saincheadúnóir cinnte de go bhfuil an duine atá i mbun na bialainne ag tabhairt aire don ghnó mar a dhéanfadh sé féin. Ach an gnólacht a shaincheadú, cuireann an saincheadúnóir a ghnó a fhairsingiú faoi chúram daoine atá **spreagtha chun oibre le go n-éireoidh leis an gnólacht** agus mar sin, is dóichí go mbeidh rath orthu.<br>• Tá barainneachtaí scála ann. Ní neart go cur le chéile. Is féidir leis an saincheadúnóir rathúil **margaí a dhéanamh le soláthraithe éagsúla.** Is féidir leis soláthairtí do na saincheadúnaithe éagsúla a bhainistiú. Is féidir le sábháil costas brabúis na saincheadúnóirí a mhéadú.<br>• Mar gheall go bhfuil infheistíocht caipitil níos lú de dhíth, **gintear brabús an tsaincheadúnóra bunaithe ar infheistíocht caipitil i bhfad níos ísle** fiú nuair go bhféadfadh an t-ioncam ó bhialanna saincheadaithe a bheith níos lú ná bialanna ar leis an comhlacht iad. | 2@7(4+3)<br>1@6(3+3)<br><br>Teastaíonn ceann amháin ar a laghad de gach aon cheann. |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | • **Ní bhíonn an méid céanna bainistíochta de dhíth ar chóras saincheadúnaithe agus a bhíonn de dhíth ar shraith bialann ar leis an gcuideachta í.** Bíonn sé faoi chúram an tsaincheadúnaí foireann a fhostú, a spreagadh agus a choinneáil seachas faoi chúram an tsaincheadúnóra.<br><br>• Tá riosca íseal ann don saincheadúnóir mar gur féidir an conradh a chur ar ceal mura gcloítear leis na coinníollacha atá ann.<br><br>**<u>Míbhuntáistí</u>**<br>• Cailltear smacht ar bhainistíocht laethúil na ngnólachtaí saincheadúnaithe.<br>• D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh gníomhaíochtaí saincheadúnaí amháin/caighdeáin ísle cáilíochta/fadhbanna foirne isteach ar cháil an ghnólachta ina iomláine ⍰<br>• Ní mór clár oiliúna a chur ar fáil do shaincheadúnaithe. Beidh costas ag baint leis sin agus tógfaidh sé am.<br>• Ní mór monatóireacht a dhéanamh ar shaincheadúnaithe ar bhonn rialta. | |

**(B)** Dréachtaigh litir ghnó, agus dáta an lae inniu á úsáid agat, ó Bhainistíocht Riosca Phoenix Teo. chuig an miondíoltóir mearbhia Burgair Ricardo Teo. I do litir, cuir in iúl cad iad na príomhchineálacha árachais ba chóir a bheith ag Burgair Ricardo Teo. **agus** tabhair breac-chuntas ar bhealaí ina bhféadfaidís rioscaí gnó a laghdú a oiread agus is féidir. Úsáid ainmneacha agus seoltaí bréige. (25 marc)

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| 5 | (B) | | Bainistíocht Riosca Phoenix Teo<br>An tSráid Mhór, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí<br>14 Meitheamh 2018<br>Burgair Ricardo Teo<br>Ascaill Uí Chonaill<br>Baile Átha Cliath<br><br>A Chara,<br>**<u>Maidir le: Bainistiú Rioscaí agus cineálacha clúdach árachais</u>**<br>Maidir leis an bhfiosrúchán a rinne tú, cuirim na polasaithe árachais seo a leanas a roghnaigh mé faoi do bhráid agus molaim roinnt cur chuige a ghlacadh chun riosca a bhainistiú:<br><br><u>Árachas Dliteanas Fostóra</u>**<br>Cosnaíonn an t-árachas seo an gnólacht ar éilimh a dhéanann fostaithe a ghortaítear agus iad ag oibriú.<br><br>Ba cheart duit a áirithiú go gcuirtear oiliúint ar na fostaithe uile maidir leis an trealamh cócaireachta a úsáid.<br><br><u>Árachas Dliteanais Phoiblí</u>**<br>Cosnaíonn an t-árachas an gnólacht ar éilimh a dhéanann baill den phobal a ghortaítear san áitreabh, amhail gortuithe a fhaightear má shleamhnaíonn duine nó má thiteann duine.<br><br>Ba cheart a áirithiú go gcuirtear na comharthaí rabhaidh cuí ar na hurláir nuair a nitear iad chun gortuithe a sheachaint.<br><br><u>Árachas Dliteanais i leith Táirgí</u>**<br>Cosnaítear an gnólacht ar éilimh a dhéanann custaiméirí a bhaineann leis na táirgí bia a dhíoltar, amhail éilimh i ndáil le nimhiú bia.<br><br>Ba cheart a áirithiú go gcócaráiltear an bia san áitreabh i gceart sula gcuirtear amach é. Ba cheart an dáta deiridh díola ar an stoc a sheiceáil agus ba cheart cloí leis na dátaí sin. Ba cheart machnamh a dhéanamh ar ghineadóir cúltaca a fháil a bheadh sa bhialann dá gclisfeadh ar an leictreachas chun na táirgí bia reoite a chosaint. Cinntigh go bhfuil na cáilíochtaí cuí ag an bhfoireann ar fad. | Leagan amach<br>9 marc<br><br>Seoladh(1)<br>Seoladh(1)<br>Dáta(2)<br>A Chara (2)<br>Maidir le(1)<br>Dúnadh(1)<br>Síniú(1)<br><br>Ábhar<br>16 mharc<br>3@4(2+2)<br><br>Caithfear ceann amháin de na chéad trí pholasaí atá ainmnithe a lua**.<br><br>Rioscaí gnó a laghdú<br>2@2m |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | <u>Árachas Foirgneamh agus Inneachair</u><br>Cuireann an t-árachas seo cosaint ar fáil ar chaillteanais agus ar dhamáiste a dhéantar do struchtúr an fhoirgnimh de bharr tine, tuile nó stoirme. Ba cheart a áirithiú go bhfuil aláram deataigh feistithe ann agus go bhfuil go leor múchtóirí dóiteáin san áitreabh.<br><br>Cuireann an t-árachas seo cosaint ar fáil ar chaillteanais agus ar dhamáiste a dhéantar do stoc, amh-ábhair, comhpháirteanna, etc., mar gheall ar bhuirgléireacht, tine nó tuile.<br><br>Ba cheart córas rialaithe stoc a bhunú agus ba cheart stocáireamh a dhéanamh go rialta.<br><br>Tá súil agam gur cabhair éigin an méid sin duit.<br>Is mise le meas,<br><br>Aodán Ó Riain<br>Sainchomhairleoir Riosca<br><br>Polasaithe eile:<br><br>Árachas Ráthaíochta Dílseachta – árachas ar chalaois, ar ghadaíocht nó ar mhímhacántacht na bhfostaithe – cinntigh go bhfuil córas srianta agus ceartúchán i bhfeidhm.<br><br>Árachas d'airgead faoi bhealach – cinntigh go bhfuil nósanna imeachta daingne i bhfeidhm<br><br>Feithiclí tráchtála- cinntigh go bhfuil clúdach árachais imleor agat agus go bhfuil na feithiclí ródacmhainneach. | |

**(C)** Pléigh na tosca ba chóir do ghnólacht a chur san áireamh sula n-athraíonn sé ó mhodh baisctháirgthe go modh olltáirgthe (modh sreabhtháirgthe). (15 mharc)

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| 5 | (C) | | • **Cineál táirge amháin (táirge caighdeánaithe olltáirgthe)**/Treoraí maidir le praghas amháin. An féidir le gnólacht maireachtáil ar cheannaireacht praghsanna amháin?<br>• **Éileamh/An ann do mhéid an mhargaidh?** An ndearnadh go leor taighde margaidh chun méid an mhargaidh a mheas?/an leor an t-éileamh don táirge sin?<br>• An féidir **caighdeán** a choinneáil i measc líon mór earraí?<br>• Bíonn **infheistíocht chaipitil** de dhíth/**maoiniú de dhíth** An féidir go leor caipitil a thiomsú mar go bhfuil sé costasach línte táirgeachta a bhunú/bíonn costais chothabhála meaisíní costasach.<br>• **Coinníollacha oibre na foirne**/An bhfágfaidh daoine tábhachtacha de bharr obair níos athchleachtaí?/le níos lú éagsúlachta (leadrán)/leathoilte agus neamhoilte. An bhféadfadh deacrachtaí iomarcaíochta a bheith ann?<br>• **An mbeidh sé níos deacra an táirge a athrú/a oiriúnú** chun riachtanais an chustaiméara a shásamh?/níos lú solúbthachta nuair nach dtáirgtear ach aon táirge amháin.<br>• **An méid spáis atá ar fáil** (an mbeidh níos mó spáis ag teastáil don innealra nua agus don stoc?)<br>• **Tionchar ar cháil an bhranda**. An mbeidh tionchar ag an athrú ar chlú an ghnólachta?/stádas an bhranda?<br>• **Iomaíocht.** Bíonn gnólachtaí ceannasacha i margaí móra/an féidir leis an ngnólacht seo dul san iomaíocht?<br>• Táirge an-chaighdeánaithe agus mar sin, ní shásófar na custaiméirí ar fad. | 3@5(2+3) |

**Ceist 6**

(A) Pléigh an ról atá acu seo a leanas maidir le Bainisteoir Ceantair do shraith mhór ollmhargaí a earcú agus a roghnú go héifeachtach:

**Sonraíocht faoin bPearsa; Sainchuntas Poist; Agallamh Painéil**

**(20 marc)**

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| 6 | (A) | | **Duineshonrú**<br>• Leagtar amach na cáilíochtaí proifisiúnta, taithí agus na príomhthréithe agus príomhscileanna a bheidh ag an iarrthóir rathúil.<br>• Tugann sé deis don ghnólacht an cineál duine atá ag teastáil don phost a shonrú agus cabhraíonn sé le fógra cruinn poist a scríobh.<br>• Cinntear a thábhachtaí agus atá na cáilíochtaí agus na scileanna a bheidh ag an iarrthóir rathúil.<br>• Tugann an tsonraíocht faoin bpearsa deis don roinn acmhainní daonna comparáid a dhéanamh idir an fhianaise a thugann na hiarrthóirí in aghaidh na riachtanas don phost.<br>• A bhuí leis na riachtanais a luaitear sa tsonraíocht faoin bpearsa, bíonn an próiseas earcaíochta agus roghnaithe saor ó chlaontacht agus is dóichí go n-éireoidh leis an roinn acmhainní daonna an t-iarrthóir is fearr don phost mar Bhainisteoir Ceantair a fháil.<br><br>**Samplaí:** Saineolas mionsonraithe ar earnáil an mhiondíola/cumas cloí le spriocanna ama/cumas oibriú faoi bhrú/taithí trí bliana ar a laghad i gceannas ar fhoirne díolacháin.<br><br>**Sainchuntas poist**<br>Baineann an sainchuntas poist go díreach le nádúr an phoist féin, seachas leis an gcineál duine atá ag teastáil chuige.<br>• Príomhdhualgais, tascanna agus freagrachtaí a bhaineann leis an bpost.<br>• Teideal an phoist.<br>• Mar a bhfuil an post i struchtúr foriomlán na heagraíochta.<br>• Cé dó a dtuairiscíonn an Bainisteoir Ceantair.<br>• An tuarastal.<br>• Fostaithe a mbeidh sealbhóir an phoist/an Bainisteoir Ceantar freagrach astu.<br>• Na hionchais (spriocanna atá le baint amach).<br><br>Is é an tsonraíocht faoin bpearsa agus an sainchuntas poist bunús an fhógra phoist agus mar sin, bunús na gceisteanna agallaimh. | 2@7(5+2)<br><br>+2m as tagairt do 'Bainisteoir Ceantair' |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **Agallamh painéil**<br><br>Úsáidtear teicníc roghnaithe chun an t-iarrthóir is mó a fheileann do na critéir a leagtar amach sa tsonraíocht faoin bpearsa a roghnú. Cuireann grúpa agallóirí a bhuaileann leis an t-iarrthóir chun an tionchar a bheadh ag claontacht phearsanta agallóra amháin a mhaolú.<br><br>• Chun cothromaíocht inscne a sheachaint.<br>• Chun ceisteanna a dháileadh go cothrom i measc an phainéil.<br>• Chun a chinntiú go n-oireann an t-iarrthóir don chultúr corparáideach. | 1@4<br>Agallamh painéil |

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar stíl cheannaireachta chuí **amháin** a d'fhéadfadh bainisteoir in asraon miondíola a ghlacadh chuige féin, **agus tabhair cúiseanna le do rogha**. (20 marc)

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| 6 | (B) | | **Daonlathach**<br><br><u>Saintréithe:</u><br><br>• Déanann an ceannaire **cinntí i gcomhar** leis na daoine faoina chúram.<br>• **Éisteann** siad le tuairimí fostaithe/comhoibríoch/**coinníonn siad na fostaithe ar an eolas** faoi athruithe ionas go mbraitheann siad go bhfuil siad mar chuid den asraon miondíola.<br>• Cothaíonn an cheannaireacht **muintearas** ach is é an bainisteoir atá fós i gceannas.<br>• **Obair foirne** – cothaítear atmaisféar ina gcuirtear luach ar eolas a roinnt/oscailteacht níos mó.<br>• Ní mór go mbeadh **muinín** ag an mbainisteoir agus ag na fostaithe as a chéile.<br><br><u>Cúiseanna:</u><br><br>• Bíonn **saoirse níos mó ag fostaithe a bheith nuálach**/solúbthacht níos mó/cumasú níos mó.<br>• Tugtar **aiseolas** don fhostaí maidir leis an gcaidreamh a chothaíonn siad le custaiméirí/buíochas as iarrachtaí.<br>• Caithfidh **an fostaí leis na custaiméirí mar a dhéanann an bainisteoir.**<br>• Beidh fostaithe **muiníneach** agus iad ag díol mar gur féidir leo fás go pearsanta agus iad ag iarradh an gnólacht miondíola a fhorbairt. | Stíl ceannaireachta 3m<br><br>2@7(4+3)<br><br>+3m as tagairt d'asraon miondíola |

**Uathlathach**

Saintréithe:

- Tugann an ceannaire treoracha do na daoine atá faoina chúram.
- Ní dhéantar cinntí i gcomhar leo/níl aon chomhairliúchán ann.
- Níl mórán spáis do nuálaíocht a dhéanann fostaithe

Cúiseanna:

- Déantar tascanna go héifeachtúil / d'fhéadfadh sé go mbeadh sé feiliúnach do shiopaí ard-díolachán/siopaí miondíola ina mbogtar ar aghaidh go tapa agus ina dtugtar treoracha gan cheistiú do bhaill foirne.

**Réimeas saor/Laissez-faire**

Saintréithe:

- Fostaithe ard-oilte/saineolaithe (amhail meánbhainisteoirí).
- Bíonn íochtaráin in ann spriocanna a leagan amach dóibh féin agus iad a bhaint amach agus ní chuireann an bhainistíocht isteach orthu.
- Ní mór go mbeadh fostaithe an-tógtha leis an obair.

Cúiseanna:

- Ní dhéanann an bhainistíocht mórán maoirseachta/déanann an fhoireann na cinntí.
- Bíonn an bhainistíocht in ann níos mó ama a chaitheamh le ceisteanna straitéiseacha.

**(C)** Ríomh gach ceann díobh seo a leanas (**taispeáin do chuid oibre**):

(i) An ÍMAT atá le híoc ag Ben
(ii) Méid iomlán an MSU
(iii) Méid iomlán an ÁSPC
(iv) Glanphá **bliantúil** Ben.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **6** | | | Ríomh | 20 marc |


| Ceist: | Mionsonra: | € | € | € | *Fo-iomlán na marcanna:* |
|---|---|---|---|---|---|
| | Olltuarastal | | | 55,000 | |
| | Dearbhán | | | 5,000 | |
| | **Ioncam Inchánach** | | | **60,000**❷ | **(2 mharc)** |
| **(i)** | **Íoc mar a Thuillir** | | | | ÍMAT |
| | **34,550 x 0.20** | 6,910❸ | | | |
| | **25,450**❶ **x 0.40** | **10,180**❶ | **17,090**❶ | | |
| | | | | | |
| | Creidmheasanna cánach | | | | |
| | ÍMAT | 1650 | | | |
| | Duine Singil | 1650 | | | |
| | Gaol cleithiúnach | 70 | (3370) ❶ | | |
| | **ÍMAT atá le híoc ag Ben** | | | **13,720**❶ | **(8 marc)** |
| **(ii)** | **Muirear Sóisialta Uilíoch** | | | | MSU |
| | 12,012 x 0.005 | 60.06❸ | | | |
| | 7,360 x 0.02 | 147.20❶ | | | |
| | 40,628 ❶x0.0475 | **1929.83**❶ | | | |
| | **MSU (USC)** | | | **2,137.09**❶ | **(7 marc)** |
| **(iii)** | **Árachas Sóisialta Pá Choibhneasta** | | | | ÁSPC 1@2mharc |
| | 60,000 x0.04 | 2,400❶ | | | |
| | **ÁSPC** | | | 2,400 | **(1 mharc)** |
| **(iv)** | Pá Glan Bliantúil a Thugtar Abhaile | | | | Pá Glan Bliantúil. 1@3mharc |
| | Pá Comhlán | | | **55,000** | |
| | ÍMAT | | 13,720 | | |
| | MSU | | 2137.09 | | |
| | ÁSPC | | 2,400 | **(18257.09)** | |
| | **Pá Glan Bliantúil a Thugtar Abhaile** | | | **36,742.91**❷ | **(2 mharc)** |
| | ***TABHAIR FAOI DEARA:*** | **41,742.91** ❶ **an t-aon fhigiúr amháin eile a nglacfar leis** | | | |

**Figiúirí an iarrthóra féin aibhsithe thuas**

## Ceist 7

**(A)** (i) Tarraing léaráid de shaolré táirge **agus** mínigh **gach** céim.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** mhodh a d'fhéadfadh gnólacht a chur san áireamh chun fad a chur le saolré táirge. (25 marc)

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **7** | **(A)** | (i) | **Léaráid, céimeanna agus míniúcháin**<br><br>• **Tabhairt isteach** – seoltar an táirge sa mhargadh. D'fhéadfadh sé go mbeadh díolacháin íseal/baineann costais mhóra le margaíocht a dhéanamh ar an táirge/Beidh brabús íseal ann má tá brabús ar bith ann/Déantar iarracht feasacht ar an táirge a mhúscailt. Cuirtear brú mór ar an sreabhadh airgid.<br>• **Fás** – méadaítear feasacht an chustaiméara ar an táirge/Tagann borradh faoi na díolacháin/Ba cheart go méadódh an brabús/Bítear ag iarraidh an sciar den mhargadh a uasmhéadú. Tagann feabhas ar an sreabhadh airgid.<br>• **Aibíocht** – Baineann na díolacháin a mbuaicphointe amach agus Is gnáthrud é an táirge sa mhargadh/Uasmhéadaítear brabús/cosnaítear an sciar den mhargadh. Tá an sreabhadh airgid ar fheabhas.<br>• **Sáithiú** – Tá díolacháin ag cothromú/Ba cheart go mbeadh brabús seasta ann/Baineadh an tairbhe is mó is féidir as an margadh. Ní mór pleanáil a dhéanamh chun meath a chosc/Cuirtear leis an tsaolré.<br>• **Meath** – tiocfaidh laghdú ar na díolacháin mar gheall go bhfuil táirgí nua agus go leor iomaitheoirí sa mhargadh/Laghdaítear an brabús/D'fhéadfaí praghsanna a laghdú d'fhonn díolacháin a dhéanamh/D'fhéadfaí deireadh a chur le táirgí laga/D'fhéadfadh sé go mbeadh caillteanas i gceist fiú. | <u>Léaráid 9m</u><br>5@1:<br>gach céim<br>4@1<br>Teideal<br>Díolacháin<br>Am<br>An cuar<br><br>Tugtar míniú ar gach aon chéim<br>5@2<br><br>Glac le 2 thagairt do thionchar ar dhíolacháin má déantar idirdhealú soiléir eatarthu. |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **7** | **(A)** | (ii) | Straitéisí a mholtar:<br><br>• Táirge<br>  ○ Gnéithe nua den táirge/íomhá nua/dearadh/úsáid<br>  ○ Cruthaigh punann táirgí chun éileamh ar an mbranda a mhéadú.<br>  ○ Déan an líne a fhairsingiú (blasanna/méideanna éagsúla).<br>• Praghas<br>  ○ Íomhá/laghdaigh an praghas chun a thuilleadh custaiméirí a mhealladh.<br>• Cur chun cinn<br>  ○ Feachtas fógraíochta/teicnící promóisin díolachán.<br>• Áit<br>  ○ Athraigh an Bealach Dáileacháin<br>  ○ Díol ar líne chun custaiméirí a mhealladh ó gach cearn den domhan. | 2@3<br><br>Teastaíonn dhá ghné dhifriúla de chumasc margaíochta. |

**(B)** (i) Pléigh na buntáistí a bhainfeadh déantóir mór seacláide as **deighilt an mhargaidh**.
(ii) Léirigh **dhá** bhealach faoi leith ina bhféadfaí **margadh na seacláide** a dheighilt.

(20 marc)

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| 7 | **(B)** | (i) | • Freastal níos fearr a dhéanamh ar riachtanais an chustaiméara/chun freastal a dhéanamh ar na custaiméirí chun díolacháin a méadú/ábalta díriú ar chustaiméirí ar leith ar a ndearnadh neamhaird roimhe seo agus tairiscintí a chur ar fáil a shásaíonn na riachtanais atá acu.<br>• Tabhair tuairim níos fearr do na tomhaltóirí ar an táirge le go mbainfidh siad sásamh níos mó as.<br>• Fógraíocht agus margaíocht níos dírithe / le sprioc níos cruinne chun costais mhargaíochta a ísliú.<br>• Cumarsáid dhírithe agus mar sin téitear i bhfeidhm ar níos mó de na sprioc-chustaiméirí go minic.<br>• Coinnítear custaiméirí a d'fhéadfadh bogadh go táirgí iomaíocha ach an táirge a athrú mar gheall ar athruithe i gcúinsí saoil.<br>• Níos éasca dul san iomaíocht leis an margadh nideoige (déantúsóir beag ceardaithe).<br>• Níos éasca cinntí a dhéanamh mar go bhfuiltear ag díriú ar spriocghrúpa ar leith.<br>• Feabhsaítear brabús an ghnólachta – tá ioncam indiúscartha difriúil ag custaiméirí difriúla /d'fhéadfaí an praghas a ardú do ghrúpa áirithe ioncaim agus mar sin, feabhas a chur ar an mbrabús.<br>• Deiseanna fáis níos fearr. Is féidir custaiméirí a spreagadh chun táirgí níos costasaí amhail táirgí só seacláide a cheannach. | 2@5(2+3) |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **7** | **(B)** | (ii) | **Déimeagrafach** – déantar anailís ar chustaiméirí de réir aoise, inscne, mhéid an teaghlaigh, ioncaim, slí bheatha, cineálacha éagsúla seacláide d'aoiseanna difriúla.<br>Don mhórmhargaíocht, tá an gné dhéimeagrafach ar cheann de na bealaí is fearr mar go bhfuil aois, inscne agus ioncam ag gach duine.<br>• Aois – barraí Freddo do pháistí óga<br>• Inscne – tá cáil ar an mbarra Yorkie sa Ríocht Aontaithe as an sluán a bhí aige cheana #it's not for girls<br>**Tíreolaíoch –** déanann anailís ar thomhaltóirí de réir a gceantair – contae/réigiún/tír etc.<br><br>Téann an tíreolaíocht i bhfeidhm ar an gcineál táirge/ar bhlas an táirge a dhíoltar/bíonn blasanna difriúla i dtíortha difriúla/tá cáil ar sheacláid na hÉireann mar go bhfuil go leor ábhar déiríochta ann.<br><br>• Níl aon tóir ar an mbranda seacláide Hershey's in Éirinn cé gurb é an branda is mó tóir sna Stáit Aontaithe é.<br><br>**Iompraíocht** – déanann sé anailís ar thomhaltóirí de réir a n-eolais faoi tháirge agus a meon i leith úsáid táirge nó an fhreagairt a bhíonn acu ar thairge.<br>• Tobcheannach /Luach ar airgead (praghas speisialta)/ pacáistí seacláidí ceiliúrtha mar shó shéasúrach (an Cháisc/an Nollaig).<br><br>**Síceolaíoch –** déanann sé anailís ar thomhaltóirí de réir aicme shóisialta, stíl mhaireachtála agus saghas pearsantachta.<br>• Meon – seacláid orgánach/ceisteanna timpeallachta a bhaineann leis an bpónaire cacó a tháirgeadh.<br>• Slí mhaireachtála – níos airí faoin tsláinte (comhábhair nádúrtha)/seacláid gan siúcra/barraí próitéine/aireach faoin aiste bia.<br>• Blasanna – ag caitheamh níos mó ama ag breathnú ar scáileáin, níos mó sneaiceanna a ithe ag breathnú ar an teilifís/Netflix. | 2@5(2+2+1) |

**(C)** Déan measúnú ar na buntáistí **agus** ar na dúshláin a bheadh ann do ghnólacht beag nuathionscanta dá roghnódh sé bealach díreach dáileacháin seachas díolacháin a dhéanamh trí mhórdhíoltóirí agus trí mhiondíoltóirí.

(15 mharc)

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| 7 | (C) | | **Buntáistí:**<br>• Is é seo an bealach dáileacháin is giorra agus is simplí (ionad díolta monarchan go dtí an custaiméir)<br>• Forchostais ísle<br>• Féidearthacht maidir le dul i bhfeidhm ar dhaoine ar fud an domhain (idirlíon/eBay)<br>• Níos mó solúbthachta<br>• 24/7 (caoithiúil do thomhaltóirí)<br>• Rátaí brabúis níos airde ná bealaí dáileacháin indíreacha/Tugtar brabús go díreach do na táirgeoirí.<br>• Níos mó cumhachta ar an dáileachán – dá fhaide an bealach is ea is lú smacht a bhíonn air.<br><br>**Dúshláin**<br>• Ní féidir dul san iomaíocht leis an síneadh tíreolaíoch agus le méid gnó bealach dáileacháin lena n-áirítear mórdhíoltóirí agus miondíoltóirí.<br>• D'fhéadfadh sé go mbeadh ar chustaiméirí íoc as na costais seachadta má bhaineann sé leis an bhfón, leis an bpost nó leis an idirlíon.<br>• D'fhéadfadh sé go mbeadh bealaí eile in úsáid ag iomaitheoirí.<br>• Easpa taithí agus d'fhéadfadh sé go mbeadh sé níos fearr úsáid a bhaint as an saineolas a bheadh ag mórdhíoltóir seanbhunaithe ar a bhfuil cáil mhaith.<br><br>**Measúnú** | 1@7(4+3)<br>2@3(2+1)<br><br><br><br><br>(0,2) |

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán